# CÓD IOMPAIR
# DO
# SHEALBHÓIRÍ OIFIGE

**ARNA THARRAINGT ANÍOS AG AN RIALTAS DE BHUN ALT 10(2) DEN ACHT UM CHAIGHDEÁIN IN OIFIGÍ POIBLÍ 2001**

Arna fhoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
de réir 10(11) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001

**Iúil 2003**

## **Ábhar**

**Cuid 1**

**Réamhrá agus Prionsabail Ghinearálta**


| | | |
|---|---|---|
| 1.1. | Cuspóir an Chóid Iompair | 1 |
| 1.2. | Daoine lena mbaineann an Cód Iompair | 1 |
| 1.3. | Ceanglas an Chóid Iompair a Chomhlíonadh | 2 |
| 1.4. | Prionsabail Iompair Eiticiúil | 2 |
| 1.5. | Na Caighdeáin Eiticiúla is Airde a Fheidhmiú gach tráth | 2 |
| 1.6. | Cathaoirligh Choistí | 3 |

**Cuid 2**

**Roinn 1**
**Creat Oibre Reachtúil**

| | | |
|---|---|---|
| 2.1. | Oibleagáid Reachtúil maidir le hiompar sa Saol Poiblí | 4 |

**Roinn 2**
**Ceanglais Bhreise**

| | | |
|---|---|---|
| 2.2. | Treoir Bhreise do Shealbhóirí Oifige | 6 |
| 2.2.1. | Binsí Fiosrúcháin | 6 |
| 2.2.2. | Cuntasacht do Thithe an Oireachtais | 6 |
| 2.2.3. | Acmhainní Poiblí | 6 |
| 2.2.4. | Gnó agus Leasanna Eile | 6 |
| 2.2.5. | Brústocairí | 7 |
| 2.2.6. | Taifid ar Chruinnithe Oifigiúla | 7 |
| 2.2.7. | Ceapacháin | 8 |
| 2.2.8. | Bronntanais | 8 |
| 2.2.9. | Gnóthaí Dáilcheantair | 8 |

**Aguisín :** Treoirlínte ar Chomhlíonadh le forálacha na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 & 2001 *(lena n-áirítear, ag a Aguisín 3, na Treoirlínte Rialtais do Shealbhóirí Oifige arna n-eisiúint de bhun Alt 15(4) den Acht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995)*


## **Cuid 1**

## **Réamhrá agus Prionsabail Ghinearálta**

## 1.1. Cuspóir an Chóid Iompair

Tá cóid iompair do shealbhóirí oifige tarraingthe aníos ag an Rialtas de réir Alt 10 (2) den Acht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001 (Acht 2001).

De réir Alt 10 (6) d'Acht 2001 tá leagtha amach

*"na caighdeáin iompair agus ionracais do na daoine lena mbaineann sé maidir le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna agus i ndáil le haon ní a bhaineann leis an gcomhlíonadh sin, nó a fhearann ar an gcomhlíonadh sin, nó ar dóigh dó fearadh air, nó a ndealraíonn sé go bhfearann sé air agus i ndáil le cibé nithe eile (más ann) a bheidh sonraithe sa chód"*

Ní dhéanann an Cód foráil maidir le nithe a bhfuil foráil leordhóthanach déanta ina leith i dtreoirlínte atá ann agus is feidhm chun cinn a bheidh leis i.e. ó dháta a fhoilsithe.

## 1.2. Daoine lena mbaineann an Cód Iompair

De réir théarmaí an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 & 2001 (Na hAchtanna um Eitic) baineann an Cód seo le sealbhóirí oifige eadhon,

- An Taoiseach
- An Tánaiste
- Aire
- Aire Stáit
- Ard Aighne ar comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann é nó í
- duine atá ina Chathaoirleach nó ina Leas-Chathaoirleach ar Dháil Éireann nó Seanad Éireann
- duine a bhfuil oifig Cathaoirligh aige nó aici ar Choiste ar cheacthar Teach de Thithe an Oireachtais, ar oifig í atá ainmnithe, chun críche An Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 (Acht 1995), de thuras na huaire de réir rúin de chuid an Tí sin nó
- duine a bhfuil oifig Chathaoirleach Comhchoiste de dhá Theach an Oireachtais aige nó aici, ar oifig í atá ainmnithe, chun críche Acht 1995 de thuras na huaire de réir rúin ó gach ceann de na Tithe.

## 1.3. Ceanglas an Chóid Iompair a Chomhlíonadh

De réir fhorálacha an Achta um Eitic féachfaidh sealbhóirí oifige chomh fada agus bheidh feidhm leis don Chód Iompair agus treoróidh sé iad agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas agus i ndáil le haon ní eile a bheidh sonraithe sa Chód. Is é aidhm an Chóid seo ná a chinntiú go gcomhlíonann sealbhóirí oifige gach tráth agus gur léir go bhfuil siad ag comhlíonadh na gcaighdeán is airde ó thaobh iompar eiticiúil agus iad ag déanamh feidhmeanna a gcuid oifige. Tá oibleagáid ar shealbhóirí oifige gníomhú

de réir comhairle a thugtar agus treoirlínte a fhoilsítear ag an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (An Coimisiún Caighdeán) mura rud é gur sárú ar fhoráil eile den Acht um Eitic a bheadh sa déanamh sin. De bhun Alt 10(8) den Acht um Eitic ceadófar cóid iompair in imeachtaí os comhair Cúirte nó binse eile nó Coiste nó an Choimisiúin Caighdeán agus glacfar aon fhoráil chuí a ghlacadh san áireamh agus an t-ábhar á chinneadh.

## 1.4. Prionsabail Iompair Eiticiúil

Tá dualgas ar shealbhóirí oifig phoiblí omós a thabhairt don mhuinín a chuireann an pobal iontu ó thaobh an tslí a gcomhlíonann siad a gcuid freagrachtaí oifigiúla. Is freagracht phearsanta í sin agus éilíonn sí orthu gach tráth an leas comhchoiteann a chur chun cinn go cothrom agus go neamhchlaonta, acmhainní a gcuid oifige a fheidhmiú go coinsiasach agus go críonna chun leas an phobail a chur chun cinn agus na caighdeáin eiticiúla is airde a chomhlíonadh agus iad ag comhlíonadh a gcuid dualgas.

Tá cur síos ag an gCoimisiún Caighdeán ar iompar eiticiúil mar seo a leanas:

*'Is éard is réimeas eitice a n-éiríonn leis ann ná ceann a sholáthraíonn sásraí trínar féidir íogaireachtaí an tsaoil pholaitiúil/phoiblí a láimhseáil, inar féidir leasanna a bhíonn i gcoimhlint le chéile a thabhairt chun réitigh agus trínar féidir treoir a thabhairt do lucht déanta reachtaíochta/feidhmeannaigh aonair agus iad ag tabhairt faoi chinntí cruatrí thagairt don phrionsabal ginearálta go dtabharfaí tús áite gach tráth do leas an phobail thar leas an duine aonair agus níos tábhachtaí fós b'fhéidir thar leasanna páirtí polaitiúil cibé i gcumhacht nó nach ea."*

Sin iad na prionsabail ba chóir a bheith mar threoir ag sealbhóirí oifige.

## 1.5. Na caighdeáin eiticiúla is airde a fheidhmiú gach tráth

Chomh maith leis na ceanglais fhoirmiúla sin a chomhlíonadh ba chóir do sheabhlóirí oifige na caighdeáin is airde a chomhlíonadh agus gníomhú le deamheon le trédhearcacht, cothroime agus neamhchlaontacht chun an leas coitianta a chur chun cinn agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidmheanna oifigiúla.

Ní mór do shealbhóirí oifige Aireachta agus iad ag comhlíonadh a gcuid feidhmeanna meas a léiriú ar riachtanais shonracha a gcuid rólanna éagsúla ar leithligh m.sh mar chomhalta den Chomhaireacht, mar Aire i Roinn Stáit, mar chomhalta poiblí tofa.

Tá freagracht ar Airí freisin a chinntiú go mbíonn comhairleoirí speisialta cuntasach dóibh maidir le comhlíonadh a gcuid feidhmeanna de réir fhorálacha an Achta um Bainistíocht Seirbhíse Poiblí, 1997.

*Scorann comhairleoirí speisialta de shealbhú a bpost nuair a scorann an tAire cuí d'oifig a shealbhú mar atá leagtha amach san Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.*

Ba chóir do shealbhóirí oifige go háirithe

- Gníomhú trí thagairt do leas an phobail amháin agus acmhainní a gcuid oifige a thiomnú dó sin amháin
- Cinntí a dhéanamh agus tacú le cinntí agus iad a spreagadh ar bhonn a gcuid fiúntais agus d'uireasa idirdhealú.
- Nach mbeadh tionchar ag nithe pearsanta ar a gcuid dualgas oifigiúil
- A bheith cuntasach as a gcuid cinntí
- Ionracas na hoifige atá siad a shealbhaíonn a chosaint.
- Nithe faoi rún a dtagann siad orthu le linn a gcuid dualgas oifigiúil a choinneáil faoi rún
- Ómós a léiriú ag gach tráth ar ról Oifigeach Cuntasachta a gcuid Ranna agus oibleagáidí na foirne faoi Chód Iompair na Státseirbhíse

## 1.6. Cathaoirligh Choistí

Tá ról níos tábhachtaí anois ag Cathaoirligh Coistí i dTithe an Oireachtais de bharr níos mó de ról agus ról níos tábhachtaí a bheith acu. Ní mór do chathaoirligh na gCoistí an fhreagracht bhreise sin a choimeád ina n-aigne agus iad i mbun a gcuid gnó.

## Cuid 2

## Roinn 1 - Creat Oibre Reachtúil

### 2.1. Oibleagáid Reachtúil maidir le hiompar sa saol poilbí

Cheana féin tá creat oibre reachtúil cuimsitheach ag feidhmiú maidir le rialú iompair sa saol poiblí. Is ceanglas den Chód Iompair sin go gcomhlíonann sealbhóirí oifige go hiomlán gach riachtanas sa chreat oibre sin chomh maith le riachtanais a thabharfar isteach amach anseo.

Seo a leanas príomhghnéithe den chreat oibre reachtúil maidir le hiompar sealbhóirí oifige:

***An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus na Teoirlínte do Shealbhóirí Oifige maidir leis na céimeanna a ghlacfar chun cuidiú le comhlíonadh fhorálacha an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí 1995***

Áirítear in Acht 1995 forálacha maidir le sealbhóirí oifige chun leasanna a nochtadh, maidir leis an tslí a gcaitear le bronntanais agus maidir le comhlíonadh a gcuid freagrachtaí i ndáil le comhairleoirí speisialta arna gceapadh acu nó thar a gceann.

Tá eolas faoi na céimeanna nach mór do shealbhóirí oifige a ghlacadh chun forálacha Acht 1995 a chomhlíonadh leagtha amach sna Teoirlínte, a bhfuil cóip díobh san Iarscríbhinn atá ag gabháil leis seo.

***An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí 2001***

Bhunaigh Acht 2001 an Coimisiún Caighdeán a ghlac isteach an Coimisiún Oifigí Poiblí a bunaíodh faoi Acht 1995. Tá breis cumhachtaí ag an gCoimisiún Caighdeán faoi Acht 2001 agus tá cion ceaptha a bhaineann le bac a chur ar an gCoimisiún Caighdeán nó ar a chuid gníomhairí.

Ceanglaíonn Acht 2001 ar an Rialtas freisin ó thráth go chéile cóid iompair a tharraingt aníos mar threoir do shealbhóirí oifige. Forálann Acht 2001 go leanfaidh an Treoirlínte a tarraingíodh aníos de bhun Acht 1995 (dá dtagraítear thuas) i bhfeidhm.

Forchuireann Acht 2001 breis cheanglas ar chomhaltaí Thithe an Oireachtais maidir le comhlíonadh cánach. Tá feidhm leo sin freisin maidir leis an Ard-Aighne nach comhalta de cheachtar Teach é.

***Na hAchtanna um Éilliú a Chosc***

Leasaigh Acht 1995 na hAchtanna um Éilliú a Chosc ar roinnt bealaí mar cur leis na pionóis d'éilliú go uasphríosúnacht 7 mbliana agus fíneáil suas go €63,486.90

D'ardaigh Acht 1995 pionóis éillithe go 10 mbliana agus fíneáil/ fíneálacha gan teorainn. Tugadh isteach freisin toimhdeach éillithe in imthosca áirithe ó mhainneachtain síntiúis pholaitiúla a nochtadh agus ar an dara dul síos sa chás go bhfaigheann duine a bhíonn ag feidhmiú feidhmeanna áirithe airgead nó sochar eile ó dhuine a bhfuil leas aige i bhfeidhmiú na bhfeidhmeanna sin.

Forálann Acht 1995 freisin do dhliteanas tríú páirtí a fhéachann le daoine eile a dhéanamh éillitheach chomh maith le daoine a mbíonn baint dhíreach acu le gníomhaíocht den sórt sin.

***Forálacha eile***

Ní mór do shealbhóirí oifige féachaint go cuí freisin do

- An Cód Cleachtais do Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann
- An tAcht Toghcháin 1997**,** arna leasú
- An tAcht Rialtais Áitiúil 2001, a leagann amach creat oibre eitice do sheirbhís rialtais áitiúil

## Roinn 2 - Ceanglais Bhreise

### 2.2 Treoir Bhreise do Shealbhóirí Oifige

Chomh maith le ceanglais atá forchurtha le reachtaíocht ní mór do shealbhóirí oifige na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:

### 2.2.1 Binsí Fiosrúcháin

Tá ról tábhachtach ag Binsí Fiosrúcháin a bhunaíonn Tithe an Oireachtais maidir le muinín an phobail a chothabháil agus i gcásanna áirithe a athbhunú in orgáin pholaitíochta agus riaracháin an Rialtais. Ní mór do Shealbhóirí Oifige (mar atá, ar ndóigh, don phobal i gcoitinne) de réir an dlí comhoibriú go hiomlán le Binsí Fiosrúcháin agus le gach fiosrúchán nó fiosrú eile a bheidh ceaptha go dleathach.

### 2.2.2 Cuntasacht do Thithe an Oireachtais

Beidh sealbhóirí oifige ar comhaltaí de Thithe an Oireachtais iad cuntasach do Thithe an Oireachtais de réir na gcomhshocruithe atá leagtha síos sa Bhunreacht nó i mBuan-Orduithe gach ceann de na Tithe. Tá sé fíorthábhachtach go dtabharfaidh sealbhóirí oifige eolas cruinn fírinneach do Thithe an Oireachtais, agus go gceartaítear aon earráid nach raibh i gceist a dhéanamh chomh luath agus is féidir.

### 2.2.3 Acmhainní Poiblí

Soláthraítear saoráidí do shealbhóirí oifige ar chostas poiblí le go ndéanfar gnó poiblí go héifeachtach. Ba chóir gur de réir na bprionsabal sin a bhainfí leas as na saoráidí sin. Bíonn próifíl ardaithe ag sealbhóirí oifige poiblí agus ba chóir dóibh a thabhairt ar aird gan úsáid a bhaint as acmhainní ar shlí a bhféadfaí féachaint uirthi go réasúnach mar ardú próifíl míchuí i gcomhthéacs Olltoghcháin.

Ba chóir leas a bhaint as saoráidí oifigiúla do chríocha oifigiúla. Ba chóir do shealbhóirí oifige a chinntiú go mbeidh an úsáid a bhaineann siad as saoráidí a soláthraítear go poiblí leagtha amach chun luach a gcuid airgid a thabhairt don phobal agus mí-úsáid aon phribhléidí a sheachaint a bhaineann gan dabht leis an oifig.

### 2.2.4 Gnó agus Leasanna eile

Níor chóir d'aon shealbhóir oifige gabháil d'aon ghníomhaíocht a bhféadfaí féachaint uirthi go réasúnach mar chur isteach ar lánchomhlíonadh agus comhlíonadh cuí óna dtaobhsan ar dhualgais a gcuid oifige nó nach mbeadh ag teacht leis.
Níor chóir go mbeadh stiúrthóireacht cuideachta lena mbaineann luach saothair ag sealbhóirí oifige. Fiú mura n-íoctar luach saothair níl sé inmhianta go mbeadh stiúrthóireacht á sealbhú acu. Féadfaidh stiúrthóir a bheidh ag scor comhshocrú a dhéanamh trína n-aontóidh an chuideachta é nó í a athcheapadh mar stiúrthóir ar scor dó nó di a bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir oifige.

Níor chóir do shealbhóir oifige cleachtas gairmiúl a sheoladh le linn dó nó di a bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir oifige ach is féidir comhshocruithe a dhéanamh do chothabháil cleachtais go dtí cibé am a scorfaidh sé nó sí de bheith ina shealbhóir nó ina sealbhóir oifige agus go bhfilleann ar an gcleachtas.

Níor chóir do shealbhóirí oifige aon pháirt a ghlacadh i ndéanamh cinntí nó bainistíocht gnóthaí cuideachta nó cleachtais agus ba chóir dó nó di diúscairt a dhéanamh de thuras na huaire ar aon leasanna airgeadais a bheadh i gcoimhlint nó a dhealródh a bheith i gcoimhlint lena bpost mar shealbhóir oifige nó iad a chur ar leataobh ar shlí eile.

Ba chóir do shealbhóirí oifige ar ghlacadh le ceapacháin agus iad ag scor d'oifig a bheith cúramach chun coimhlint leasa nó coimhlint leasa dealraitheach leis an oifig ina raibh siad roimhe sin a sheachaint. Ba chóir cúram ar leith a dhéanamh de sin sna chéad cúpla mí tar éis imeacht as oifig. Ba chóir do shealbhóirí oifige cúram maith a dhéanamh don chineál ceirde ba chóir a roghnú tar éis oifig a fhágáil. Siúd is gurb é leas an phobail go bhféadfadh iarshealbhóirí oifige dul le gnó nó réimsí eile den saol poiblí tá sé chomh tábhachtach céanna nach mbeadh aon údar amhrais ann ó thaobh míchuíochais nuair a bheifí ag glacadh le ceapachán áirithe. Sa chomhthéacs sin ba chóir go ngníomhódh sealbhóirí oifige ar shlí a chinnteodh nach bhféadfaí a theacht ar an tátal go réasúnach go raibh tionchar ar shealbhóir oifige ag dóchas nó ionchas fostaíochta níos déanaí leis an gcuideachta nó leis an eagraíocht lena mbaineann nó go mbainfí amach buntáiste míchothrom i gceapachan nua de bhua mar shampla teacht ar eolas oifigiúil a bhí ag an sealbhóir oifige roimhe sin.

### 2.2.5 <u>Brústocairí</u>

Is cuid lánpháirtiúil de dhaonlathas feidhmitheach go mbíonn codanna áirithe den tsochaí ag iarraidh aird sealbhóirí oifige a tharraingt ar cheisteanna lena mbaineann tábhacht d'earnálacha áirithe. Bheadh súil maidir leis sin go mbeadh teagmhálacha idir brústocairí agus sealbhóirí oifige. Ba chóir mar threoir áfach go seolfaí déileálacha den sórt sin ar shlí nach gcruthódh coimhlint leasa idir dualgas poiblí agus leas príobháideach.

### 2.2.6. <u>Taifid ar Chruinnithe Oifigiúla</u>

I ngach cás ina n-eagraítear cruinnithe chun gnó oifigiúil a sheoladh ba chóir go mbeadh oifigeach i dteannta sealbhóir oifige a ghlacfaidh nótaí ar mhaithe leis an sealbhóir oifige féin. Ar aon nós moltar go mbeadh oifigeach nó comhairleoir i láthair sula gcríochnaíonn cruinniú chun mionsonraí aon chinnidh a ghlacfaí a thaifeadadh.

### 2.2.7. <u>Ceapacháin</u>

Faoi réir fhorálacha sa reachtaíocht nó ceanglais fhoirmeálta eile maidir le bunú comhlachtaí Rialtais nó le líonadh postanna, ba chóir go ndéanfadh comhaltaí an Rialtais ceapacháin ar bhonn fiúntais, ag glacadh san áireamh scileanna, cáilíochtaí agus taithí an duine atá le ceapadh chomh maith le critéir chuí eile lena n-áirítear ceanglais maidir le cothromaíocht inscne.

### 2.2.8. <u>Bronntanais</u>

Soláthraíonn na Treoirlínte Rialtais do Shealbhóirí Oifige de bhun Alt 15(4) d'Acht 1995 maidir le sealbhóirí oifige do ghlacadh bronntanas a chuir an Coimisiún Caighdeán ar fáil maidir le bronntanais a ghlacadh. Tá cóip in Iarscríbhinn 3 atá ag gabháil leis na Treoirlínte do Shealbhóirí Oifige (mar atá ag gabháil leis an Aguisín atá ag gabháil leis an gCód seo).

Chomh maith leis sin níor chóir do shealbhóirí oifige glacadh le tairiscintí go n-íocfaí costais saoráidí taistil agus/nó cóiríocht tráchtála i ndáil le gníomhaíochtaí oifigiúla (lena n-áirítear céile/páirtnéir má bhíonn ag tionlacan), sa chás go ndéantar tairiscintí den sórt sin ag saoránaigh phríobháideacha nó ag fiontair phríobháideacha. Is féidir discréid a úsáid má bhíonn sealbhóir oifige ina aoi oifigiúil ag Rialtas eile nó ag

comhlacht oifigiúil nó ag eagraíocht nach eagraíocht do bhrabúis nó eagraíocht dá sórt.

Ba chóir go mbeadh sealbhóirí oifige cúramach go speisialta faoi ghlacadh le bronntanais nó óstacht ó chairde nó daoine a bhfuil baint acu leo mar atá mínithe in Acht 1995 sa chás go bhfaigheadh nó gur dóigh go bhfaigheadh duine den sórt sin sochar nó go bhfulaingáeodh sé caillteanas ag éirí as cinneadh arna dhéanamh nó a dhéanfaí ag sealbhóir oifige nó ag an Rialtas ar a bhfuil an sealbhóir oifige ar an eolas faoi.

### 2.2.9. <u>Gnóthaí Dáilcheantair</u>

Ina gcumas mar ionadaithe tofa tá cead ag Airí (lena n-áirítear Airí Stáit) uiríolla a dhéanamh thar ceann a ndáilcheantar, lena n-áirítear chuig Airí eile, ar choinníoll go mbeidh na freagrai a lorgaítear nó a mbeidh súil leo ar a gcuid uiríolla nó a thugtar ar uiríolla sealbhóirí oifige eile ag teacht le freagraí a thabharfaí do Chomhaltaí Thithe an Oireachtais go ginearálta. Tá cead ag Airí glacadh le huiríolla ó shealbhóirí oifige eile ar an mbonn céanna.

# Aguisín

## Treoirlínte ar Chomhlíonadh le forálacha na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 & 2001

***(lena n-áirítear, ag Aguisín 3, na Treoirlínte Rialtais do Shealbhóirí Oifige arna n-eisiúnt de bhun Alt 15(4) den Acht um Eitic in Oifigí Poibli 1995)***

# Treoirlínte maidir le

# Comhlíonadh fhorálacha na nAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí 1995 agus 2001

**Sealbhóirí Oifige**

(*An Cúigiú hEagrán*)

Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí
Standards in Public Office Commission

**Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí**
**6 Ardán Phort an Iarla**
**Baile Átha Cliath 2**
**D02 W773**

**Teileafón: 01 6395666**
**Ríomhphost info@sipo.ie**
**Suíomh gréasáin: www.sipo.ie**
**Twitter: @SIPOCIreland**

**Nollaig 2023**

## Clár

**Réamhrá**

**Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí – Cúlra Ginearálta**

**Ceanglais maidir le Nochtadh i gcás Sealbhóirí Oifige mar Chomhaltaí**

*A. Ráiteas Bliantúil ar Leasanna Inchláraithe*

*B. Leas Ábhartha in Imeachtaí de chuid na dTithe a Nochtadh*

**Ceanglais Bhreise maidir le Nochtadh mar Shealbhóirí Oifige**

*A. Ráiteas ar Leasanna Breise*

*B. Ráiteas ar Leas Ábhartha i bhFeidhm atá le Comhlíonadh*

*C. Bronntanais*

*D. Maoin agus Seirbhísí*

**Comhairleoirí Speisialta Treoir**

**Ghinearálta**

**Gníomhartha Sonraithe**

**AGUSISÍNÍ**

**Aguisín 1 - Mínithe**

**Aguisín 2 - Leasanna Inchláraithe**

**Aguisín 3 - Treoirlínte Rialtais (alt 15(4) d'Acht 1995) Aguisín**

**4 - Bronntanais**

**Aguisín 5 - Oibleagáidí i ndáil le Comhairleoirí Speisialta**

## Réamhrá

An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí (an Coimisiún um Chaighdeáin) a d'fhoilsigh na treoirlínte seo do shealbhóirí oifige agus glacann siad ionad na dtreoirlínte, agus cúlghairtear an ceathrú heagrán de na treoirlínte, a d'fhoilsigh An Coimisiún um Chaighdeáin, i mí na Samhna 2011.

I gcás na dtreoirlínte seo, tá siad beartaithe chun cabhrú le sealbhóirí oifige tuiscint a fháil ar na bearta atá le glacadh acu chun ceanglais an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Acht 1995) agus an tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (Acht 2001) a chomhlíonadh. Gairtear na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 (na hAchtanna um Eitic) de na hAchtanna sin le chéile. Cuireann na treoirlínte san áireamh freisin na leasuithe ar na hAchtanna um Eitic a rinneadh le reachtaíocht ina dhiaidh sin.

Tá na treoirlínte á bhfoilsiú faoi alt 25 d'Acht 1995. De réir mar a cheanglaítear, chuathas i gcomhairle le Coistí Leasanna Comhaltaí den Dáil agus den Seanad roimh fhoilsiú.

Sna hAchtanna um Eitic agus sna treoirlínte seo, ciallaíonn an téarma "sealbhóir oifige":

- An Taoiseach
- An Tánaiste
- Aire den Rialtas
- Aire Stáit
- Ard-Aighne is comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann
- Cathaoirleach nó Leas-Chathaoirleach Dháil Éireann nó Sheanad Éireann
- Cathaoirleach coiste de cheachtar Teach den Oireachtas, i gcás an oifig sin

a bheith ainmnithe amhlaidh le rún ón Teach sin, nó

- Cathaoirleach Comhchoiste den dá Theach, i gcás an oifig sin a bheith ainmnithe amhlaidh le rún ó gach Teach.

Déantar roinnt téarmaí tábhachtacha eile a úsáidtear sna treoirlínte seo agus sa reachtaíocht a mhíniú in Aguisín 1 a ghabhann leis na treoirlínte seo.

De bhun alt 25 d'Acht 1995, tá sealbhóirí oifige i dteideal comhairle a iarraidh ón gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí faoi aon fhoráil de chuid na nAchtanna um Eitic nó faoi fheidhm aon fhorála in aon imthoisc áirithe. Áirítear sa mhéid sin an cód cleachtais do shealbhóirí oifigí a dhréachtaigh an Rialtas agus a d'fhoilsigh an Coimisiún um Chaighdeáin i mí Iúil 2003.. Foráiltear le hAcht 1995 nach mór don Choimisiún um Chaighdeáin, i gcás ina n-iarrtar comhairle den sórt sin, í a sholáthar laistigh de 21 lá nó, mar mhalairt air sin, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin diúltú comhairle a thabhairt. Chun aon bhaol míthuisceana a sheachaint, is fearr iarrataí ar chomhairle a dhéanamh i scríbhinn (lena n-áirítear le ríomhphost). De ghnáth, déanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin gach comhairle de chineál substainteach a sholáthar, nó a dhaingniú, i scríbhinn.

Nuair a dhéantar iarraidh ar chomhairle chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin i ndáil le cás áirithe, ní bheidh feidhm ag an bhforáil de na hAchtanna um Eitic lena mbaineann, a mhéid a bhaineann leis an duine a rinne an iarraidh, maidir leis an gcás sin le linn

na tréimhse ón tráth a dhéantar an iarraidh go dtí an tráth a thugtar an chomhairle nó go dtí an tráth a dhiúltaíonn an Coimisiún um Chaighdeáin comhairle a thabhairt.

Tá sé de cheangal ar shealbhóirí oifige gníomhú de réir na dtreoirlínte seo agus de réir aon chomhairle a thugann an Coimisiún um Chaighdeáin faoi na hAchtanna um Eitic mura rud é, trí dhéanamh amhlaidh, go mbeadh foráil eile de na hAchtanna um Eitic á sárú acu.

Is ceart do shealbhóirí oifige a thabhairt dá n-aire go bhfuil na treoirlínte seo inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte, nó binse eile, nó os comhair Coiste Leasanna Comhaltaí, nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin. Féadfar aon fhoráil de na treoirlínte seo a dhealraíonn d'aon cheann de na comhlachtaí réamhluaite a bheith bainteach le ceist sna himeachtaí a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

Tá leagan Gaeilge de na treoirlínte seo foilsithe ar www.sipo.ie.

## Na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí – Cúlra Ginearálta

### An tAcht um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 (Acht 1995)

1. Le hAcht 1995 rinneadh socrú maidir le bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí agus Coistí Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann agus Sheanad Éireann. Rinneadh socrú maidir le nochtadh leasanna ag sealbhóirí oifige, ag comhaltaí eile de Thithe an Oireachtais, ag an Ard-Aighne, ag comhairleoirí speisialta de chuid Airí agus ag sealbhóirí stiúrthóireachtaí ainmnithe agus post ainmnithe i réimse leathan comhlachtaí poiblí, lena n-áirítear an státseirbhís. In Acht 1995 freisin, déileáladh le himscrúdú a dhéanamh ar sháruithe agus le treoirlínte a fhoilsiú agus comhairle a thabhairt d'fhonn a chinntiú go gcomhlíontar na forálacha atá ann. Tuairiscíodh go mion ann cumhachtaí an Choimisiúin um Oifigí Poiblí, na himthosca inar féidir gearáin a dhéanamh agus an próiseas ar tríd a dhéanfaí cinneadh chun tús a chur le himscrúdú. Le hAcht 1995 freisin toirmisceadh ar shealbhóirí oifige bronntanas luachmhara a choimeád agus leasaíodh na *Prevention of Corruption Acts*, 1889 *to* 1916.

### An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001 (Acht 2001)

2. Le hAcht 2001 déantar socrú maidir le bunú an Choimisiúin um Chaighdeáin agus tugtar dó feidhmeanna a réamhtheachtaí, an Coimisiún um Oifigí Poiblí.

3. Is iad príomhfheidhmeanna an Choimisiúin um Chaighdeáin, mar a fuarthas ón gCoimisiún um Oifigí Poiblí iad, ná treoirlínte a fhoilsiú, comhairle a sholáthar ar í a iarraidh mar chabhair maidir le comhlíonadh na nAchtanna um Eitic agus imscrúdú a dhéanamh agus tuarascáil a thabhairt i ndáil le sáraithe

ionchasacha. Baineann na feidhmeanna sin, i gcoitinne, le sealbhóirí oifige, le comhairleoirí speisialta agus le stiúrthóirí ainmnithe agus fostaithe de chuid comhlachtaí poiblí sonraithe.

4. Ní mór do shealbhóirí oifige Deimhniú Imréitigh Cánach a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin agus an tArd-Bhailitheoir a eisíonn é, ar iarratas a fháil chuige sin, i gcás ina bhfuil na hoibleagáidí a fhorchuirtear leis na hAchtanna Cánach, leis na hAchtanna um Cháin Ghnóchan Caipitiúil agus um Cháin Fháltas Caipitiúil agus leis na hAchtanna Cánach Breisluacha, arna leasú, i ndáil le híoc nó tarchur aon chánacha, úis nó pionós atá dlite agus i ndáil le seachadadh aon tuairisceán a cheanglaítear a thabhairt. I dtaca leis an Deimhniú Imréitigh Cánach de, ní mór é a bheith eisithe ag an Ard-Bhailitheoir chuig an sealbhóir oifige tráth nach faide ná naoi mí sular toghadh nó sular ainmníodh an sealbhóir oifige agus tráth nach faide ná naoi mí tar éis é nó í a thoghadh nó a ainmniú.

Ós rud é gurb é atá i nDearbhú Reachtúil ná dearbhú a dhéantar de réir an Achta i dtaobh Dearbhuithe Reachtúla, 1938, arna leasú, ní mór do shealbhóirí oifige é a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin freisin á dhaingniú go bhfuil an sealbhóir oifige, tráth déanta an dearbhaithe, de réir mar is fearr is eol dó nó di nó mar a chreideann sé nó sí, ag comhlíonadh na n-oibleagáidí a fhorchuirtear air nó uirthi leis na hAchtanna dá dtagraítear thuas agus nach bhfuil aon bhac ar Dheimhniú Imréitigh Cánach a eisiúint. Ní mór don sealbhóir oifige an Dearbhú Reachtúil seo a dhéanamh tráth nach faide ná mí amháin sula dtoghtar nó sula n-ainmnítear é nó í agus nach faide ná mí amháin tar éis é nó í a thoghadh nó a ainmniú.

Ní mór don Sealbhóir Oifige an Deimhniú Imréitigh Cánach agus an Dearbhú

Reachtúil a sholáthar don Choimisiún um Chaighdeáin tráth nach faide ná naoi

mí tar éis an dáta a toghadh nó a ainmníodh é nó í.

5. Má sháraítear na ceanglais thuas maidir le Deimhnithe Imréitigh Cánach agus Dearbhuithe Reachtúla is féidir go ndéanfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin imscrúdú agus tarraingeofar suas tuarascáil scríofa ar thoradh an imscrúdaithe Tabharfar an tuarascáil don Choiste iomchuí ar Leasanna Comhaltaí agus cuirfidh an Coiste sin faoi deara í a chur faoi bhráid an Tí.

6. I gcomparáid le hAcht 1995, déantar foráil in Acht 2001 maidir le réimse níos leithne imthosca inar féidir gearán a dhéanamh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin. Áirítear ina measc sin, mar shampla, gearáin maidir le gníomhartha nó neamhghníomhartha de chuid "duine sonraithe" (a mhínítear in Acht 2001 agus a bhfuil sealbhóir oifige san áireamh ann) a d'fhéadfadh a bheith ar neamhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna a oifige nó a hoifige nó a phoist nó a poist ag an "duine sonraithe". Déantar foráil le hAcht 2001 freisin maidir le díolúine do ghearánaigh agus bunaítear bonn leis ar tríd is féidir leis an gCoimisiún um Chaighdeáin Oifigigh Fiosrúcháin a cheapadh chun réamhfhiosrúcháin a dhéanamh maidir le gearáin.

7. Ceanglaítear le hAcht 2001 go dtarraingeofar suas cóid iompair do shealbhóirí oifige, do chomhaltaí eile de na Tithe agus don tseirbhís phoiblí. Tá na cóid iompar foilsithe ag an Coimisiún um Chaighdeáin agus léiríotar iontu caighdeáin iompair agus ionracais do na daoine lena mbaineann siad i ndáil le comhlíonadh a bhfeidhmeanna agus i ndáil le nithe comhghaolmhara. Beidh na cóid inghlactha in aon imeachtaí os comhair cúirte, nó binse eile, nó os comhair

Coiste Leasanna Comhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas, nó os comhair an Choimisiúin um Chaighdeáin agus féadfar aon fhoráil d'aon chód den sórt sin a dhealraíonn d'aon cheann de na comhlachtaí réamhluaite a bheith bainteach le ceist sna himeachtaí a chur i gcuntas le linn an cheist a chinneadh.

8. Forálann Acht 2001 freisin do ghearáin faoi 'ghníomh sonraithe' líomhnaithe (i.e. gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d'Acht 2001) ag, inter alia, sealbhóir oifige.

**<u>Ceanglais maidir le Nochtadh ag Sealbhóirí Oifige mar Chomhaltaí</u>**

**A. Ráiteas Bliantúil ar Leasanna Inchláraithe**

9. Ceanglaítear ar dhuine, lena n-áirítear sealbhóir oifige, is comhalta de Dháil Éireann nó de Sheanad Éireann ar an 31 Nollaig aon bhliain (i.e. an dáta clárúcháin) ráiteas ar leasanna inchláraithe a sholáthar don Choimisiún um Leasanna faoin 31 Eanáir ina dhiaidh sin. Is ceart go mbainfeadh an ráiteas aon tréimhse/tréimhsí ar lena linn a bhí an duine ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach i rith na bliana roimhe sin.

*Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin go mbainfeadh an ráiteas bliantúil ar leasanna inchláraithe an bhliain fhéilire ó 1 Eanáir go 31 Nollaig agus go soláthrófaí don Choimisiún um Chaighdeáin é faoin 31 Eanáir ina dhiaidh sin. Má bhíonn an Dáil ar lánscor ar an 31 Nollaig aon bhliain chun olltoghchán a dhéanamh, ní athródh an dáta clárúcháin ach amháin i gcás na bliana sin – féach an míniú ar "dáta clárúcháin" in Aguisín 1 de na Treoirlínte seo.*

*Aon bhliain ina bhfuil olltoghchán Dála ann, bhainfeadh an ráiteas bliantúil ar leasanna inchláraithe leis an tréimhse/na tréimhsí i rith na bliana sin ar lena linn a bhí an duine ina chomhalta nó ina comhalta de cheachtar Teach agus sholáthrófaí don Choimisiún um Chaighdeáin é faoin 31 Eanáir ina dhiaidh sin, nó faoi cibé dáta is déanaí ná sin atá leagtha amach sa mhíniú ar "dáta clárúcháin" in Aguisín 1. I gcás comhaltaí de Dháil áirithe a thoghtar don chéad Dáil eile ina dhiaidh sin, ní gá an tréimhse ón lá tar éis lánscor na Dála suas go dtí an lá roimh an olltoghchán a chur san áireamh sa ráiteas bliantúil ar leasanna inchláraithe.*

10. Mura raibh aon leasanna inchláraithe ag an sealbhóir oifige le linn na tréimhse clárúcháin, ní foláir dó, laistigh den scála ama céanna, ráiteas á rá sin a thabhairt do Chléireach Dháil Éireann nó do Chléireach Sheanad Éireann de réir mar is cuí.

11. Cuireann an Coimisiún um Chaighdeáin an fhoirm le haghaidh clárúcháin leasanna ar fáil i nGaeilge agus i mBéarla do chomhaltaí an dá Theach i mí Eanáir gach bliain

12. Tá leasanna a shealbhaíonn comhaltaí faoi na ceannteidil ghinearálta seo a leanas inchláraithe ar an bhfoirm sin:

(1) Slí bheatha seachas sin mar shealbhóir oifige nó comhalta

(2) Scaireanna etc.

(3) Stiúrthóireachtaí

(4) Talamh agus foirgnimh

(5) Bronntanais

(6) Soláthar maoine nó seirbhísí

(7) Saoráidí taistil etc.

(8) Post le luach saothair mar bhrú-stocaire etc.

(9) Conarthaí leis an Stát

13. Tá tuairisc níos iomláine ar gach leas inchláraithe le fáil in Aguisín 2 de na treoirlínte seo.

14. Ní gá méid ná luach airgeadaíochta aon leasa nó luach saothair aon cheirde, gairme, fostaíochta, gairme nó slí bheatha eile a áirítear sa ráiteas a shonrú.

15. Déanann an Coimisiún um Chaighdeáin na ráitis bhliantúla ar leasanna inchláraithe comhaltaí a chur ar aghaidh chuig Cléireach Dháil Éireann nó chuig Cléireach Sheanad Éireann, de réir mar is cuí. Bunóidh gach Cléireach Clár Leasanna Comhaltaí agus cuirfear an clár sin faoi bhráid Dháil Éireann nó faoi bhráid Sheanad Éireann, de réir mar a bheidh, agus foilseofar é san *Iris Oifigiúil*. Tabharfaidh an Cléireach cóip den Chlár don Choimisiún um Chaighdeáin. Ina theannta sin, féadfaidh na Cléirigh earráidí a cheartú nó an Clár a leasú ar shlí eile de réir mar a fhoráiltear in Acht 1995.

**B. Leas Ábhartha in Imeachtaí de chuid na dTithe a Nochtadh**

16. Más rud é, maidir le comhalta, lena n-áirítear sealbhóir oifige, a bheartaíonn labhairt nó vótáil in imeachtaí i gceachtar Teach, i gCoiste de cheachtar Teach nó i gComhchoiste den dá Theach, go bhfuil eolas iarbhír aige nó aici go bhfuil leas ábhartha aige nó aici, nó ag duine bainteach, in ábhar na n-imeachtaí, ansin:

(i) má bheartaíonn an comhalta sin labhairt sna himeachtaí, ní mór dó nó di dearbhú a dhéanamh á rá sin sna himeachtaí roimh an óráid a thabhairt nó le linn an óráid a thabhairt, agus

(ii) má bheartaíonn an comhalta sin vótáil, ach nach labhraíonn sé nó

sí, sna himeachtaí, ní mór dó nó di dearbhú a dhéanamh i scríbhinn á rá sin agus, roimh vótáil a dhéanamh, an dearbhú sin a thabhairt do Chléireach an Tí nó an Choiste lena mbaineann, de réir mar is cuí.

17. Chun críche na gceanglas i mír 14 thuas, tá leas ábhartha ag comhalta, nó ag duine bainteach, in ábhar imeachtaí más rud é gurb é iarmhairt nó éifeacht

aon chinneadh ón Teach, nó ón gCoiste nó ón gComhchoiste lena mbaineann, nó ón Rialtas nó ó shealbhóir oifige, a bhaineann leis an ábhar sin ná go dtugtar tairbhe shuntasach don chomhalta, nó do dhuine bainteach, nó go gcoinnítear tairbhe shuntasach siar ón gcomhalta, nó ó dhuine bainteach, nó go bhforchuirtear caillteanas, dliteanas, pionós, forghéilleadh, pionósú nó míbhuntáiste suntasach eile ar an gcomhalta, nó ar dhuine bainteach, gan é a thabhairt freisin do dhaoine i gcoitinne nó d'aicme daoine de mhéid suntasach ag féachaint do na himthosca go léir agus ar aicme daoine é ina bhfuil an comhalta nó duine bainteach, é a choinneáil siar freisin ó dhaoine i gcoitinne nó ó aicme daoine den sórt sin nó é a fhorchur freisin ar dhaoine i gcoitinne nó ar aicme daoine den sórt sin.

18. Ní gá leas ábhartha in imeachtaí a nochtadh i gcás an leas sin a bheith nochta cheana i ráiteas bliantúil ar leasanna inchláraithe ón gcomhalta ar ráiteas é a leagadh faoi bhráid an Tí nó ar leagadh cóip de faoi bhráid an Tí. Is ceart a thabhairt do d'aire nach mbaineann an díolúine seo, aisti féin, le haon leas ábhartha ar thaobh duine bhaintigh.

**<u>Ceanglais Bhreise maidir le Nochtadh mar Shealbhóirí Oifige</u>**

**A. Ráiteas ar Leasanna Breise**

19. I dteannta an ráitis bhliantúil ar leasanna inchláraithe a thuairiscítear i míreanna 8 go 13 thuas, tá sé de cheangal ar shealbhóir oifige ráiteas ar leasanna breise a thabhairt don Chléireach cuí laistigh den amscála féin. Ciallaíonn ráiteas ar leasanna breise ráiteas ar aon leasanna de chuid chéile an tsealbhóra oifige, nó do pháirtnéir sibhialta nó de chuid leanbh de chuid an tsealbhóra oifige nó do linbh an chéile nó pháirtnéir sibhialta an tsealbhóra oifige, a bhfuil eolas iarbhír ag an sealbhóir ina leith ar leasanna iad a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an sealbhóir oifige le linn feidhmeanna a oifige nó a hoifige a chomhlíonadh de bharr go bhféadfadh an comhlíonadh sin difear a dhéanamh do na leasanna sin ar shlí ina dtabharfaí tairbhe shubstaintiúil don sealbhóir oifige nó don chéile nó do pháirtnéir sibhialta nó don leanbh nó ina gcoinneofaí tairbhe shubstaintiúil siar uaidh nó uaithi.

20. Ní mór ráiteas ar leasanna breise a thabhairt i leith aon tréimhse ama a chaitear mar shealbhóir oifige. De ghnáth, bheadh bliain fhéilire san áireamh ann.

Ach más rud é go dtagann duine chun bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige i rith bliana clárúcháin, bhainfeadh an ráiteas leis an tréimhse ón data ceapacháin suas go dtí an 31 Nollaig ina dhiaidh sin. Má scoireann duine de bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige i rith bliana clárúcháin, bhainfeadh an ráiteas leis an tréimhse ón 1 Eanáir an bhliain sin nó ón data ceapacháin mar shealbhóir oifige, más déanaí, suas go dtí an dáta a thagann deireadh leis an gceapachán. I ngach cás, is ceart don sealbhóir oifige an ráiteas ar leasanna breise a thabhairt don Chléireach cuí tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir an bhliain ina dhiaidh sin.

21. Tabharfaidh tú do d'aire, de réir mhír 17 thuas, nach gá ráiteas ar leasanna breise a thabhairt ach amháin i gcás ina bhfuil eolas iarbhír ag sealbhóir oifige ar leas de chuid céile nó do pháirtnéir sibhialta nó linbh, nó de chuid linbh de chuid céile nó do pháirtnéir sibhialta, ar leas é a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an sealbhóir oifige le linn feidhmeanna a oifige nó a hoifige a chomhlíonadh. D'ainneoin an tseasaimh reachtúil ina leith seo, molann an Coimisiún um Chaighdeáin go gcuirfí ráiteas "nialas", seachas ráiteas ar bith, ar fáil i gcás nach bhfuil aon leasanna breise le nochtadh.

22. Ní gá méid nó luach airgid aon leasa a chuirtear san áireamh i ráiteas ar leasanna breise a shonrú.

23. Déanfaidh an Cléireach cuí gach ráiteas ar leasanna breise sealbhóra oifige a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin. Déanfaidh an Cléireach cóipeanna de ráitis ar leasanna breise Airí agus Airí Stáit a thabhairt don Taoiseach freisin.

***Nótaí:*** *(i) Soláthraíonn an tAire Caiteachais Phoiblí,*

*Sheachadadh PFN agus Athchóirithe foirmeacha Ráitis ar Leasanna Breise, agus tá siad ar fáil freisin ar www.sipo.ie.*

*(ii) Ní fhoilsítear Ráitis ar Leasanna Breise sa ghnáthshlí.*

**B. Ráiteas ar Leas Ábhartha i bhFeidhm atá le Comhlíonadh**

24. In imthosca ina mbeartaíonn sealbhóir oifige (an chéad sealbhóir oifige) feidhm de chuid a oifige nó a hoifige a chomhlíonadh agus go bhfuil eolas iarbhír aige nó aici ar leas ábhartha*, ar a thaobh féin nó ar a taobh féin, nó ar thaobh duine bhaintigh, nó ar thaobh sealbhóra oifige eile, nó ar thaobh duine atá bainteach le sealbhóir oifige eile, ar leas é in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ceanglaítear ar an gcéad sealbhóir oifige ráiteas a thabhairt i scríbhinn ar na fíorais agus ar chineál an leasa lena mbaineann. Is ceart an ráiteas a thabhairt roimh an bhfeidhm a chomhlíonadh nó, mura féidir sin, a luaithe is féidir dá éis sin.

25. Más rud é, i ndáil le mír 22 thuas, gurb é an Taoiseach an sealbhóir oifige atá ag beartú an fheidhm a chomhlíonadh, tabharfaidh sé nó sí aon ráiteas den sórt sin do Chathaoirleach an Choimisiúin um Chaighdeáin. Más Aire nó Aire Stáit an sealbhóir oifige lena mbaineann, tabharfaidh sé nó sí aon ráiteas den sórt sin don Taoiseach agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Déanfaidh aon sealbhóir oifige eile aon ráiteas den sórt sin a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin.

26. Más rud é go mbeartaíonn sealbhóir oifige (an chéad sealbhóir oifige), nó go mbeartaíonn duine atá ag gníomhú thar a cheann nó thar a ceann, iarraidh a dhéanamh ar dhara sealbhóir oifige i ndáil leis an dara sealbhóir oifige sin do chomhlíonadh feidhme, agus go bhfuil eolas iarbhír ag an gcéad sealbhóir oifige go bhfuil leas ábhartha* aige nó aici, nó ag duine bainteach, in ábhar lena mbaineann an fheidhm, ní mór don chéad sealbhóir oifige ráiteas a thabhairt i scríbhinn don dara sealbhóir oifige ar na fíorais agus ar chineál an leasa. Is ceart an ráiteas a thabhairt roimh an iarraidh a dhéanamh nó tráth déanta na hiarrata. Ní mór don dara sealbhóir oifige an ráiteas a thugtar don dara sealbhóir oifige sin a sholáthar don Taoiseach agus/nó don Choimisiún um Chaighdeáin de réir an nós imeachta atá leagtha amach i mír 23 thuas.

27. Más rud é, maidir le heolas nó creidiúint ar thaobh sealbhóra oifige (an chéad sealbhóir oifige) go bhfuil leas ábhartha* ag sealbhóir oifige eile, atá ina chomhalta nó ina comhalta den Rialtas nó ina dhuine nó ina duine atá bainteach leis an sealbhóir oifige eile sin, in ábhar lena mbaineann feidhm de chuid an Rialtais, nach n-éiríonn sé ach amháin as eolas i ráiteas arna dhéanamh ag an sealbhóir oifige eile sin ag cruinniú de Rialtas, nó chun críche cruinnithe de chuid an Rialtais, ní gá don chéad sealbhóir oifige ráiteas a thabhairt i ndáil leis an sealbhóir oifige eile sin. In imthosca den sórt sin, tabharfaidh an Taoiseach ráiteas don Choimisiún um Chaighdeáin sula gcomhlíontar an fheidhm nó, mura féidir sin a dhéanamh, a luaithe is féidir dá éis sin.

*Chun críocha mhíreanna 22 go 25 thuas, ní ionann an míniú ar "leas ábhartha" agus an míniú a úsáidtear i mír 15 thuas i ndáil le nochtadh in imeachtaí de chuid na dTithe – féach Aguisín 1 de na treoirlínte seo chun an míniú a fháil mar atá feidhm aige maidir le míreanna 22 go 25.

## C. Bronntanais

28. I dteannta na míreanna seo a leanas a dhéileálann le bronntanais, is ceart do shealbhóirí oifige eolas a chur ar na treoirlínte a d'fhoilsigh an Rialtas i mí Lúnasa 1996 faoi alt 15(4) d'Acht 1995 maidir leis na bearta atá le glacadh má thairgtear nó má sholáthraítear maoin nó seirbhísí do shealbhóir oifige, nó do chéile nó leanbh, saor in aisce nó faoi bhun an phraghais tráchtála, nó má thairgtear nó má sholáthraítear iasacht maoine dó nó di saor in aisce nó faoi bhun an phraghais tráchtála nó má thairgtear nó ma sholáthraítear seirbhís dó nó di saor in aisce. Déantar treoirlínte an Rialtais a atáirgeadh in Aguisín 3 de na treoirlínte seo.

29. Tá sé de cheangal ar shealbhóir oifige aon bhronntanas ar mó ná €650 a luach a thabhairt suas, ar bronntanas é a thugtar, de bhua a oifige nó a hoifige, don sealbhóir oifige, nó do chéile nó do pháirtnéir sibhialta an tsealbhóra oifige, nó do leanbh de chuid an tsealbhóra oifige nó do leanbh de chuid chéile nó do pháirtnéir sibhialta an tsealbhóra oifige. Measfar aon bhronntanas den sórt sin mar bhronntanas a tugadh don Stát agus dílseoidh sé don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe. Déanfaidh sealbhóir oifige, a luaithe is féidir tar éis bronntanas den sórt sin a fháil, é sin a chur in iúl d'Ard-Rúnaí an Rialtais agus coinneoidh sé nó sí an mhaoin ina choimeád

ní ina coimeád thar ceann an Stáit go dtí cibé uair a fhaightear treoracha an Ard-Rúnaí maidir lena diúscairt. Déanfaidh an tArd-Rúnaí, de réir threoracha ginearálta an Rialtais, socrú a dhéanamh maidir leis an maoin a choimeád ag an Stát nó thar ceann an Stáit nó maidir lena diúscairt trína díol nó trína tabhairt mar bhronntanas. I gcás díola, féadfar na fáltais a íoc isteach sa Státchiste nó a thabhairt do charthanacht éigin. Tá oibleagáid ar an sealbhóir oifige treoracha an Ard-Rúnaí maidir leis an ábhar seo a chomhlíonadh má ordaíonn sé nó sí amhlaidh.

30. Ní bheidh feidhm ag an gceanglas chun nithe a thabhairt suas maidir le bronntanas a thugtar mar shíntiús chun críoch polaitiúil (ach i gcás den sórt sin d'fhéadfadh sé go bhfuil sé in-nochta faoi na hAchtanna Toghcháin 1997, arna leasú). Ní bheidh feidhm aige ach oiread maidir le bronntanas a thugann cara nó gaol nó páirtnéir sibhialta ar chúiseanna pearsanta nó de bhua poist eile a shealbhaítear (seachas mar shealbhóir oifige) nó de bharr stádais i gcáil eile.

31. I gcás amhras a bheith ann, déanfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais luach aon bhronntanais a chinneadh agus déanfaidh sé nó sí ceist i dtaobh ar tugadh aon bhronntanas de bhua na hoifige a shealbhaítear a chinneadh.

***Díolúintí***

32. Ní mheastar dámhachtainí áirithe acadúla agus taidhleoireachta mar bhronntanais chun críocha na nAchtanna um Eitic - tá roinnt samplaí díobh sin luaite in Aguisín 4 de na treoirlínte seo agus déileálann an tAguisín sin freisin le comhiomlánú luachanna i gcomhthéacs bronntanais a nochtadh agus a thabhairt suas.

## D. Maoin agus Seirbhísí

33. Más rud é go ndéantar maoin nó seirbhís a thairiscint do shealbhóir oifige, nó dá chéile nó páirtnéir sibhialta nó dá céile nó do leanbh dá chuid nó dá cuid nó do leanbh de chuid céile, le lascaine ar an bpraghas tráchtála, nó má thairgtear nó má sholáthraítear iasacht maoine dó nó di saor in aisce nó ar phraghas níos ísle ná an luach tráchtála don iasacht, nó má thairgtear nó má sholáthraítear seirbhís dó nó di saor in aisce, bheidh feidhm ag na treoirlínte arna dtarraingt suas ag an Rialtas faoi alt 15(4) d'Acht 1995. Déantar treoirlínte an Rialtais a atáirgeadh in Aguisín 3 de na treoirlínte seo.

34. Ní bhaineann treoirlínta an Rialtais dá dtagraítear sa mhír sin roimhe seo le maoin, iasacht maoine nó seirbhís a thairgtear nó a sholáthraítear mar a leanas:

(i) mar shíntiús polaitiúil,

(ii) ag cara nó ag gaol de chuid an fhaighteora agus ar chúiseanna pearsanta amháin,

(iii) de bhua oifige (seachas oifig an tsealbhóra oifige) nó poist a

shealbhaítear nó de bhua stádais i gcáil eile de chuid an fhaighteora, nó

(iv) más rud é nach bhfuil sé beartaithe, nó nach bhfuil sé ar intinn, tríd an tairiscint nó an soláthar, tairbhe a thabhairt go díreach nó go neamhdhíreach ar an sealbhóir oifige lena mbaineann agus más rud é nach dtugtar tairbhe amhlaidh.

***Seirbhísí Liachta agus Dlíthiúla***

35. Más gá seirbhísí liachta nó dlíthiúla (lena n-áirítear seirbhísí síciatrachta nó síceolaíochta) a nochtadh, is leor a lua gur soláthraíodh na seirbhísí agus an méid sin amháin. Ní gá aon sonraí eile a thabhairt.

**Comhairleoirí Speisialta**

36. Leagtar amach in Aguisín 5 de na treoirlínte seo na freagrachtaí atá ar shealbhóir oifige i ndáil le comhairleoirí speisialta. I gcoitinne, beidh ar aon chomhairleoir speisialta ar mó a thuarastal ná an dara pointe incriminte ard-oifigigh feidhmiúcháin sa státseirbhís (an gnáth-scála) nó a cheaptar de bhun an Achta um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997 (i.e. comhairleoir speisialta sinsearach), tráth nach déanaí ná an 31 Eanáir gach bliain, ráiteas ar leasanna agus ráiteas ar leasanna breise (i.e. leasanna de chuid céile nó leanaí) a sholáthar don sealbhóir oifige a fhostaíonn é nó í agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Déanfaidh an sealbhóir oifige cóip de ráiteas leasanna an chomhairleora speisialta shinsearaigh (ní ráiteas céile agus leanaí) a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas. Ina theannta sin, i gcás leas ábhartha a bheith ag comhairleoir speisialta sinsearach i bhfeidhm atá le comhlíonadh déanfaidh sé nó sí ráiteas ina bhfuil tuairisc ar fhíorais an leasa a sholáthar don sealbhóir oifige a fhostaíonn é nó í agus don Choimisiún um Chaighdeáin. Ní chomhlíonfaidh an comhairleoir speisialta sinsearach an fheidhm lena mbaineann mura bhfuil cúiseanna ann a fhágann nach mór dó nó di an fheidhm a chomhlíonadh. In imthosca den sórt sin, ní mór don chomhairleoir speisialta sinsearach ráiteas faoi na cúiseanna sin a sholáthar don sealbhóir oifige agus don

Choimisiún um Chaighdeáin. Chomh maith leis sin, déanfaidh sealbhóir oifige, i gcás comhairleora speisialta shinsearaigh, ráiteas a leagan faoi bhráid gach Tí maidir le cáilíochtaí an duine a bhaineann leis an bpost. I gcás gach comhairleora speisialta, lena n-áirítear iad sin nach mó an dara pointe incriminte ard-oifigigh feidhmiúcháin sa státseirbhís (an gnáth-scála), tá sé de cheangal ar shealbhóir oifige dhá dhoiciméad eile a leagan faoi bhráid na dTithe, is é sin le rá, (1) cóip den chonradh seirbhíse agus (2) ráiteas á rá an gaol de chuid an tsealbhóra an duine.

**Treoir Ghinearálta**

37. Más rud é, maidir le sealbhóir oifige, go bhfuil leas aige nó aici nach leas inchláraithe é mar atá leagtha amach i mír 10, agus a thuairiscítear go mion in Aguisín 2 de na treoirlínte seo, nó má tá eolas iarbhír ag an sealbhóir oifige go bhfuil leas den sórt sin ag céile nó páirtnéir sibhialta, ag leanbh nó ag leanbh de chuid céile, féadfaidh an sealbhóir oifige, aon tráth, ráiteas a ullmhú ar an leas agus an ráiteas sin a thabhairt don Chléireach cuí. I gcás ina dtugtar ráiteas den sórt sin, beidh feidhm ag an reachtaíocht agus beidh éifeacht léi amhail is dá mba leas inchláraithe sonraithe an leas a nochtar.

38. Féadfaidh sealbhóir oifige ráiteas i scríbhinn a sholáthar don Chléireach cuí, aon tráth, á chur in iúl aon athrú ar leasanna inchláraithe mar chomhalta nó ar leasanna breise mar shealbhóir oifige.

39. Más rud é, tar éis iarraidh a dhéanamh, go bhfaightear comhairle ón gCoimisiún um Chaighdeáin faoi alt 25 d’Acht 1995 á rá gur leas inchláraithe nó leas breise é leas áirithe, nó i gcás inar dealraitheach gurb amhlaidh atá an cás ag féachaint do threoirlínte arna bhfoilsiú ag an gCoimisiún um Chaighdeáin, ní mór ráiteas ar an leas sin a sholáthar don Chléireach cuí a luaithe is féidir.

40. Féadfaidh duine a thiocfaidh chun bheith ina shealbhóir oifige tar éis dáta clárúcháin, tráth ar bith roimh an gcéad dáta clárúcháin eile, ráiteas ar leasanna inchláraithe agus leasanna breise a thabhairt don Chléireach iomchuí.

**Gníomhartha sonraithe**

41. Is gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d'Acht 2001 gníomh sonraithe. Ionas gur gníomh sonraithe é ní mór don ghníomh nó don neamhghníomh atá i gceist, nó ní mór d'imthosca an ghnímh nó an neamhghníomh:

1. a bheith ar neamhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist,

   nó

   a bheith ar neamhréir le muinín an phobail i gcoitinne as feidhmíocht den sórt sin a chothabháil,

   agus

2. tábhacht shuntasach phoiblí a bheith aige.

42. Féadfar gearán a dhéanamh leis an gCoimisiún maidir le gníomh sonraithe líomhnaithe ó dhuine sonraithe.

43. Áirítear sa mhíniú ar dhuine sonraithe ná duine:

- atá nó, ag an am lena mbaineann an gearán, ina shealbhóir oifige.

44. Ní mór do dhuine sonraithe a mheabhrú go bhféadfadh gníomhartha agus neamhghníomhartha a bheith ann, cé nach bhfuil siad mídhleathach, ar neamhréir iontu féin nó ina gcomhthéacs le comhlíonadh cuí a fheidhmeanna nó a dhualgais mar dhuine den sórt sin, nó le feidhmiú cuí a bhfeidhmeanna nó a ndualgais mar shealbhóir oifige nó comhalta, nó le cothú muiníne ag an bpobal i gcoitinne sa chomhlíonadh nó sa fheidhmiú sin.

45. Agus iad ag breithniú an bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint le hábhar, ba cheart do dhaoine sonraithe a thabhairt faoi deara go bhfreastalaíonn an treoir atá in alt 4(5)(b) d'Acht 2001 chun na coinníollacha a shainaithint ar gá cinneadh a dhéanamh gur ábhar é, i gcás inar Measann an Coimisiún gur iomchuí déanamh amhlaidh, a bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint leis, i.e. nach lú an sochar a líomhnaítear a bheith faighte ag duine sonraithe nó ag duine bainteach, i dtuairim an Choimisiúin, nó go bhféadfadh sé a bheith nó a bhfuiltear ag súil leis gan a bheith níos lú ná €12,697. Mar sin féin, níor cheart an t-alt seo a fhorléiriú mar ní a chiallaíonn nach bhféadfaí a mheas go bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint le nithe a bhfuil luach faoi bhun €12,697 orthu. Ní mór don Choimisiún aird a thabhairt ar "na himthosca go léir" a bhreithníonn cibé an bhfuil nó nach bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint le hábhar agus maidir leis seo tá an teorainn airgeadaíochta de €12,697 táscach agus gan a bheith cinntitheach maidir le cibé an bhfuil tábhacht shuntasach phoiblí ag baint leis an ábhar.

**Aguisín 1**

**Mínithe**

Gheofar sa liosta thíos mínithe áirithe a thugtar in alt 2 d'Acht 1995, arna leasú le hAcht 2001 agus achtanna eile. D'fhéadfadh sé gur mhaith le sealbhóirí Oifige an t-alt sin a léamh chun liosta níos cuimsithí mínithe a fháil. Tá an míniú ar "cúlstiúrthóir" le fáil sa Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1995.

ciallaíonn **"eolas iarbhír"** eolas iarbhír, díreach agus pearsanta ar leithligh ó eolas inchiallaithe, intuigthe nó líomhnaithe agus folaíonn sé, i ndáil le fíoras, creidiúint go bhfuil sé ar marthain agus go bhfuil na forais ina leith de chineál a fhágann nach bhféadfadh duine réasúnach arb eol dó nó di iad a bheith ann a bheith in amhras, nó nach bhféadfadh sé nó sí a dhíchreidiúint, go bhfuil an fíoras ar marthain;

folaíonn **"tairbhe"**-

(a) ceart, pribhléid, oifig nó gradam agus aon staonadh ó airgead nó luach airgid nó rud luachmhar a éileamh,

(b) aon chúnamh, vóta, toiliú nó tionchar nó iarracht de chúnamh, vóta, toiliú nó tionchar,

(c) aon ghealltanas chun aon bhronntanas, iasacht, táille, luaíocht nó rud eile réamhráite a thabhairt nó aon ní den sórt sin a fháil, nó aon chomhaontú nó iarracht i leith aon ní den sórt sin a fháil, nó a thabhairt le fios go bhféadfar a bheith ag súil go bhfaighfear aon ní den sórt sin,

nó buntáiste eile agus seachaint caillteanais, dliteanais, pionóis, forghéilleadh, pionósú nó míbhuntáiste eile;

"ciallaíonn **'páirtnéir sibhialta'** i ndáil le duine, páirtnéir sibhialta de réir bhrí an Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010 ach ní fholaíonn sé páirtnéir sibhialta atá ina chónaí nó ina cónaí ar leithligh ón duine agus scartha uaidh nó uaithi;" "Chun críocha an Achta seo, is páirtnéir sibhialta ceachtar de bheirt den ghnéas céanna (a) ar páirtithe iad i gclárúchán páirtnéireachta sibhialta nár scaoileadh nó nach ábhar d'fhoraithne neamhnithe, nó (b) ar páirtithe iad I gcaidreamh dlíthiúil d'aicme is ábhar d'ordú arna dhéanamh faoi alt 5 agus nár scaoileadh nó nach ábhar d'fhoraithne neamhnithe". *alt 3, Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

ciallaíonn **"Cléireach"**, i ndáil le comhaltaí de Dháil Éireann, Cléireach Dháil Éireann agus, i ndáil le comhaltaí de Sheanad Éireann, Cléireach Sheanad Éireann;

ciallaíonn **"praghas tráchtála"**, i ndáil le maoin a sholáthar, cibé acu maoin réadach nó maoin phearsanta, nó i ndáil le soláthar seirbhíse, agus ciallaíonn **"comaoin tráchtála "**, i ndáil le maoin a thabhairt ar iasacht -

(a) i gcás ina ndéanann an duine a sholáthraíonn an mhaoin nó a thugann an mhaoin ar iasacht nó a sholáthraíonn an tseirbhís gnó a sheoladh arb é atá ann go hiomlán nó go páirteach maoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís a sholáthar, an praghas nó an chomaoin is ísle a ghearrann sé nó sí ar mhéid coibhéiseach de mhaoin den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht i ngnáthchúrsa an ghnó nó ar sheirbhís den chineál céanna a sholáthar go feadh an méid chéanna (agus aird á tabhairt ar aon lascaine a thugann sé nó sí de ghnáth i leith

maoin den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a sholáthar) an tráth, nó thart ar an tráth a soláthraíodh an mhaoin nó a tugadh an mhaoin ar iasacht den chéad uair nó a soláthraíodh seirbhís den chéad uair, agus

(b) i gcás nach ndéanann an duine a sholáthraíonn an mhaoin nó a thugann an mhaoin ar iasacht nó a sholáthraíonn an tseirbhís gnó a sheoladh arb é atá ann go hiomlán nó go páirteach maoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna sholáthar, an praghas nó an chomaoin is ísle ar ar féidir méid coibhéiseach maoine den chineál céanna a cheannach nó a fháil ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a fháil go feadh an méid chéanna i ngnáthchúrsa gnó (agus aird á tabhairt ar aon lascaine a thugann sé nó sí de ghnáth i leith maoin den chineál céanna a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht nó seirbhís den chineál céanna a sholáthar) an tráth, nó thart ar an tráth a rinne duine a sheolann gnó den sórt sin maoin a sholáthar nó a thabhairt ar iasacht den chéad uair nó a seirbhís den chineál céanna a sholáthar den chéad uair;

is é an bhrí a bhí le **"an Coimisiún"**, i leith na tréimhse ó 22 Iúil 1995 go 9 Nollaig 2001, ná an Coimisiún um Oifigí Poiblí. Le héifeacht ó 10 Nollaig 2001, ciallaíonn sé an Coimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí;

ciallaíonn **"an Coiste"**, i ndáil le Dáil Éireann nó le comhaltaí de Dháil Éireann, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Dháil Éireann arna cheapadh faoi Alt 8 d'Acht 1995. Ciallaíonn sé, i ndáil le Seanad Éireann, nó comhaltaí de Sheanad Éireann, an Coiste um Leasanna Chomhaltaí Sheanad Éireann arna cheapadh faoi Alt 8 d'Acht 1995 agus ciallaíonn "Coiste", de réir mar a éileoidh an comhthéacs, gach ceann de na coistí sin nó ceachtar acu;

ciallaíonn **"cuideachta"** aon chomhlacht corpraithe;

**"duine bainteach"**, déanfar aon cheist i dtaobh duine a bheith bainteach le duine eile a chinneadh de réir na bhforálacha seo a leanas (agus glacfar leis freisin gurb é a chiallaíonn duine amháin a bheith bainteach le duine eile ná go bhfuil an duine eile sin bainteach leis an duine céadluaite):

(i) tá duine bainteach le pearsa aonair más gaol de chuid na pearsan aonair an duine sin,

(ii) maidir le duine ina cháil nó ina cáil mar iontaobhaí de chuid iontaobhais, tá sé nó sí bainteach le pearsa aonair atá ina thairbhí nó ina tairbhí de chuid an iontaobhais nó a bhfuil aon leanbh dá chuid nó dá cuid ina thairbhí nó ina tairbhí de chuid an

iontaobhais nó ar ina leith atá aon chomhlacht corpraithe a rialaíonn sé nó sí ina thairbhí de chuid an iontaobhais,

(iii) tá duine bainteach le haon duine a bhfuil sé nó sí i gcomhpháirtíocht leis nó lei,

(iv) tá cuideachta bainteach le duine eile má tá rialú ag an duine sin

uirthi nó má tá rialú ag an duine sin agus ag daoine atá bainteach leis an duine sin uirthi le chéile,

(v) maidir le haon bheirt duine nó níos mó atá ag gníomhú le chéile chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar chuideachta, déileálfar leo, i ndáil leis an gcuideachta sin, amhail is dá mbeidís bainteach lena chéile agus le haon duine atá ag gníomhú de réir treoracha ó aon duine acu chun rialú a fháil nó a fheidhmiú ar an gcuideachta;

D'fhonn nithe a bhaineann le heitic agus agus le heasaontachtaí leasanna faoi aon riail dlí nó aon achtachán a chinneadh—

(a) maidir le duine, aon tagairt do "duine bainteach" nó do "gaol bainteach" leis an duine sin, forléireofar í mar thagairt a fholaíonn páirtnéir sibhialta an duine agus leanbh pháirtnéir sibhialta an duine a bhfuil gnáthchónaí air nó uirthi leis an duine agus leis an bpáirtnéir sibhialta, agus

(b) aon dearbhú nach mór a dhéanamh i ndáil le céile duine,

déanfar é i ndáil le páirtnéir sibhialta duine freisin. *Alt 97(1) Achta um Páirtnéireacht Shibhialta agus um Chearta agus Oibleagáidí Áirithe de chuid Comhchónaitheoirí 2010.*

tá le **"rialú"** an bhrí a shanntar dó le hAlt 157 den Acht Cánach Corparáide, 1976, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

folaíonn **"feidhmeanna"** cumhachtaí agus dualgais agus folaíonn tagairtí do chomhlíonadh feidhmeanna, maidir le cumhachtaí agus dualgais, tagairtí d'fheidhmiú na gcumhachtaí agus do chomhall na ndualgas, agus i ndáil le sealbhóir oifige, folaíonn sé feidhmeanna arna dtabhairt dó nó di ag an Rialtas nó de bhun cinnidh ón Rialtas agus feidhmeanna de chuid an tsealbhóra oifige mar chomhalta den Rialtas;

ciallaíonn **"bronntanas"** bronntanas airgid nó maoine eile, gan síntiús (de réir bhrí an Achta Toghcháin, 1997) a chur san áireamh;

ciallaíonn **"Teach"** Teach den Oireachtas agus, i ndáil le duine is sealbhóir oifige nó is comhalta, ciallaíonn sé an Teach den Oireachtas ar comhalta de é nó í, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin;

folaíonn **"tabhairt ar iasacht"** léasú nó ligean ar cíos agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin ;

**"leas ábhartha"**, tá leas ábhartha ag duine nó ag duine bainteach in ábhar áirithe más é is iarmhairt nó éifeacht

(a) do chomhlíonadh feidhme de chuid a oifige nó a hoifige ag an duine, nó

(b) d'aon chinneadh a dhéanann an duine i ndáil le comhlíonadh feidhm den sórt sin nó i gcúrsa nó de dheasca comhlíonadh den sórt sin,

maidir leis an ábhar sin ná go dtugtar tairbhe shuntasach don duine nó don duine bainteach, nó go gcoimeádtar tairbhe shuntasach siar uaidh nó uaithi nó go bhforchuirtear caillteanas, dliteanas, pionós, forghéilleadh, pionósú nó míbhuntáiste suntasach eile ar an duine, gan é a thabhairt freisin do dhaoine i gcoitinne nó d'aicme daoine de mhéid suntasach ag féachaint do na himthosca go léir ar aicme daoine é ina bhfuil an duine nó an duine bainteach, é a choinneáil siar freisin ó dhaoine i gcoitinne nó ó aicme daoine den sórt sin nó é a fhorchur freisin ar dhaoine i gcoitinne nó ar aicme daoine den sórt sin;

ciallaíonn **"an tAire"** an tAire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe;

ciallaíonn **"forordaithe"** forordaithe le rialacháin arna ndéanamh ag an Aire;

ciallaíonn **"maoin"** maoin réadach nó maoin phearsanta. Measfar leas ábhartha a bheith ag duine i maoin más rud é go measfaí, chun críocha an Achta Comhdhlúite maidir le Cáin Fáltas Caipitiúil 2003, cumhacht a bheith ag an duine chun an leas sin a dhiúscairt;

ciallaíonn **"dáta clárúcháin"**-

(a) i ndáil le Dáil Éireann agus lena comhaltaí agus lena Cléireach -

(i) an 31 Nollaig 2001, nó, más rud é go bhfuil Dáil Éireann ar lánscor an dáta sin, an dáta atá 30 lá tar éis an chéad chruinnithe de Dháil Éireann tar éis an dáta chéadluaite, agus

(ii) cothromdháta an chéad dáta clárúcháin nó, más rud é go bhfuil Dáil Éireann ar lánscor aon dáta den sórt sin, an dáta atá 30 lá tar éis an chéad chruinnithe de Dháil Éireann tar éis an dáta chéadluaite, agus

(b) i ndáil le Seanad Éireann agus lena chomhaltaí agus lena Chléireach -

(i) an 31 Nollaig 2001, nó, más rud é go bhfuil Dáil Éireann ar lánscor an dáta sin, an dáta atá 30 lá tar éis an chéad chruinnithe de Sheanad Éireann tar éis an chéad olltoghcháin do Sheanad Éireann tar éis an lánscortha sin, agus

(ii) cothromdháta an chéad dáta clárúcháin nó, más rud é go bhfuil Dáil

Éireann ar lánscor aon dáta den sórt sin, an dáta atá 30 lá tar éis an chéad chruinnithe de Sheanad Éireann tar éis an chéad chruinnithe do chomhaltaí de Sheanad Éireann tar éis an lánscortha sin;

ciallaíonn **"gaol"**, i ndáil le duine, deartháir, deirfiúr, tuismitheoir nó céile an duine nó leanbh de chuid an duine nó de chuid an chéile;

ciallaíonn **"cúlstiúrthóireacht"** an post atá ag duine is cúlstiúrthóir de réir bhrí Achtanna na gCuideachtaí, 1963 go 1990, nó, i gcás comhlachta phoiblí nach cuideachta é (de réir bhrí Acht na gCuideachtaí, 1963) agus a shonraítear i bhfomhír (8), (9), (10), (11) nó (12), nó atá arna fhorordú chun críocha fhomhír (13), de mhír 1 den Chéad Sceideal a ghabhann le hAcht 1995, an post atá ag duine ar de réir a chuid nó a cuid treoracha nó ordachán is gnáth le comhaltaí an chomhlachta nó le comhaltaí an bhoird nó an chomhlachta eile a rialaíonn, a bhainistíonn nó a riarann an comhlacht sin gníomhú;

tá le **"comhairleoir speisialta"** an bhrí a shanntar dó le halt 19 (1) d'Acht 1995, is é sin le rá, duine –

(a) a shealbhaíonn nó a shealbhaigh post lena mbaineann alt 7 (1) (e) den Public Service Management (Recruitment and Appointments) Act 2004 tar éis a bheith roghnaithe lena cheapadh nó lena ceapadh chuig an bpost sin ag sealbhóir oifige go pearsanta ar shlí seachas trí nós imeachta comórtais,

nó

(b) atá nó a bhí ar fostú faoi chonradh le haghaidh seirbhísí ag sealbhóir oifige, tar éis a bheith roghnaithe, chun an conradh a fháil, ag sealbhóir oifige go pearsanta ar shlí seachas trí nós imeachta comórtais, agus arb é nó arbh é a phríomhfheidhm nó a príomhfheidhm mar dhuine den sórt sin ná comhairle nó cúnamh eile a sholáthar don sealbhóir oifige nó thar ceann an tsealbhóra oifige;

[Folaíonn comhairleoir speisialta freisin duine arna cheapadh nó arna ceapadh, le hordú ón Rialtas, de bhun alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí

1997.]

ciallaíonn **"gníomh sonraithe"** gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d'Acht 2001. Ciallaíonn gníomh sonraithe ó chomhalta gníomh nó neamhghníomh déanta acu, a bhfuil a chúinsí ar neamhréir le comhlíonadh cuí fheidhmeanna na hoifige nó an phoist atá aige nó aici, nó le cothú muiníne ag an bpobal i gcoitinne i gcomhlíonadh den sórt sin; agus tá tábhacht shuntasach phoiblí ag baint leis an ábhar. Áirítear le gníomh sonraithe ó shealbhóir oifige freisin gníomh nó neamhghníomh dá dtagraítear in alt 4(1)(a) d'Acht 2001 ó dhuine a mheastar, de bhun an Achta, a bheith ina dhuine bainteach de chuid an tsealbhóra oifige.

Mar sin féin, ní gníomh sonraithe an méid thuasluaite más rud é—

(a) go bhaineann sé le hábhar príobháideach agus nach bhfuil baint aige le feidhmeanna na hoifige nó post a bhfuil an duine sonraithe ina dhuine den sórt sin faoina threoir, nó
(b) a eascraíonn sé as neamhinniúlacht nó neamhéifeachtúlacht i gcomhlíonadh feidhme den sórt sin, nó ó mhainneachtain feidhm den sórt sin a chomhlíonadh, ar thaobh an duine shonraithe. (de réir a.4(2) d'Acht 2001).

ní fholaíonn **"céile"**, i ndáil le duine, céile a chónaíonn ar leithligh agus scartha ón duine;

ciallaíonn **"luach"**, i ndáil le bronntanas, an praghas a gheofaí ar an maoin is ábhar don bhronntanas dá ndíolfaí é ar an margadh oscailte ar an dáta a tugadh an bronntanas ar cibé modh agus faoi réir cibé coinníollacha ba dhóigh le réasún a tharraingeodh an praghas is fearr ar an maoin don díoltóir, agus forléireofar aon fhocail ghaolmhara dá réir sin.

## Aguisín 2

**Leasanna Inchláraithe**

*(Ciallaíonn an tagairt do "tréimhse chuí" san Aguisín seo an tréimhse atá clúdaithe leis an ráiteas arb í an tréimhse ón 1 Eanáir go dtí an 31 Nollaig í de ghnáth)*

**1.** Is leasanna inchláraithe iad faoi na hAchtanna um Eitic na nithe seo a leanas:

(a) Slí bheatha srl.

Ceird, slí bheatha, fostaíocht, gairm nó obair eile de chuid sealbhóra oifige (seachas mar shealbhóir oifige) a raibh luach saothair ann ina leith aon tráth i rith na tréimhse cuí i gcás inar mhó ná €2,600 an luach saothar a fuair an sealbhóir oifige e.g. pá, pinsean, sochair chomhchineáil, ioncam ó chíosanna etc.

Is é an figiúr tairsí de €2,600 an figiúr comhlán. Tá luach saothair/íocaíocht/ioncam srl. ón gceird, gairm, fostaíocht srl. céanna carnach thar an tréimhse clárúcháin.

Sa chás go n-eascraíonn ioncam ó thalamh/maoin (lena n-áirítear aon teach/árasán) a shealbhaítear i gcomhpháirt le duine eile is faoin sealbhóir oifige atá sé a chinneadh cé acu ar sháraigh nó nár sháraigh a sciar den ioncam sin €2,600 le linn na tréimhse clárúcháin atá i gceist.

Má fhaigheann tú ioncam trí "teach príobháideach" a chur ar cíos mar a mhínítear faoin gceannteideal "Talamh" thíos, ba cheart áitiú an Tiarna Talún nó an Léasóra a dhearbhú má sháraíonn an t-ioncam seo €2,600 le linn na tréimhse clárúcháin. Mar sin, mar shampla, má ligeann an sealbhóir oifige teach saoire ar cíos, níl an teach saoire, más "teach príobháideach" é de réir bhrí Acht 1995, (féach an t-alt ar Thalamh thíos) inchláraithe ach tá aon ioncam chíosa inchláraithe faoin gceannteideal seo nuair a sháraíonn an méid an tairseach. Ar an mbealach céanna, má tá dara réadmhaoin ag an sealbhóir oifige atá áitithe go páirteach ag a leanbh, agus go páirteach ar cíos, féadfar an mhaoin a rangú mar 'teach príobháideach' chun críocha na reachtaíochta go fóill, ach is féidir an mhaoin a rangú mar 'teach príobháideach' chun críocha na reachtaíochta ach beidh áitiú an tiarna talún nó an léasóra inchláraithe nuair a sháraíonn an t-ioncam an tairseach. Tabhair faoi deara, i gcás tí phríobháidigh, nach gceanglaítear ar shealbhóir oifige seoladh iomlán na maoine seo a sholáthar.

Níl gnáth-theidlíochtaí pinsin a fabhraíodh agus nach raibh iníoctha le linn na tréimhse clárúcháin ináirithe chun luach saothair a ríomh.

Mar gheall ar ioncam os cionn €2,600 sa tréimhse chlárúcháin atá i gceist beidh an trádáil, gairm, fostaíocht, gairm nó slí bheatha eile inchláraithe fiú mura mbíonn an gnó lena mbaineann an leas sin á sheoladh ag an sealbhóir oifige.

Tabhair faoi deara le do thoil nach gceanglaítear ar an sealbhóir oifige i gcás ar bith an méid ioncaim/luach saothair a fuarthas a shonrú. Is é an príomhriachtanas ná an ghairm a chlárú.

(b) Scaireanna etc.

Aon sealbhán scaireanna, bannaí, bintiúr, nó infheistíochtaí eile den tsamhail chéanna atá ag sealbhóir oifige in aon chuideachta áirithe, nó i bhfiontar nó i ngnóthas eile, nó faoi bhannaí nó bintiúir de chuid cuideachta áirithe, nó de chuid fiontair nó gnóthais eile, i gcás inar mó ná €13,000, aon tráth i rith na tréimhse cuí, luach comhiomlán ainmniúil nó margadhluach an tsealbháin. Ní fholaíonn "sealbhán" airgead i gcuntas reatha, i gcuntas taisce nó i gcuntas eile den tsamhail chéanna le foras airgeadais ach folaíonn sé sealbhán in iontaobhais aonaid nó i gcistí bainistithe.

Maidir le luach scairsheilbhe i gcuideachta phríobháideach theoranta, is é an figiúr ábhartha ná glanluach na cuideachta. Is féidir glanluach na cuideachta a ríomh trí ghlan-dhliteanais na cuideachta a dhealú ó ghlansócmhainní na cuideachta. Más rud é, ag aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin, gur sháraigh scair an tsealbhóra oifige (i.e. céatadán den scairsheilbh) de ghlanluach na cuideachta €13,000 ní mór an t-ús a chlárú. Mura bhfuil an sealbhóir oifige cinnte an gá an scairsheilbh a chlárú, ba cheart dó/di comhairle a lorg ón gCoimisiún um Chaighdeáin. Má thagann aon saincheist chun cinn maidir le cibé an raibh scairsheilbh inchláraithe, féadfaidh an Coimisiún um Chaighdeáin, inter alia, brath ar fhigiúirí a chuireann an chuideachta faoi bhráid aon

ghníomhaireacht stáit (m.sh. an Oifig um Chlárú Cuideachtaí nó na Coimisinéirí Ioncaim), i gcás ina bhfuil na figiúirí sin ar fáil.

Maidir le Cuideachta Phoiblí Theoranta, is é an figiúr ábhartha ná luach margaidh na scaireanna le linn na tréimhse clárúcháin.

Maidir le sealúchas in iontaobhas aonad nó i gciste bainistithe, más rud é, le linn na tréimhse clárúcháin, go bhfuil luach na hinfheistíochta comhiomlán foriomlán ag aon tráth níos mó ná €13,000, ní mór an sealúchas a nochtadh. Ní theastaíonn miondealú idir infheistíochtaí aonair laistigh den sealúchas san iontaobhas aonad nó sa chiste bainistithe.

Níl scaireanna, bannaí (lena n-áirítear bannaí rialtais), bintiúir nó infheistíochtaí comhchosúla eile, cibé acu intíre nó eachtrannach, atá i seilbh an tsealbhóra oifige amháin sa cháil mar sheiceadóir ar Uacht inchláraithe. Más rud é, áfach, chomh maith le bheith ina sheiceadóir, gur tairbhí de na scaireanna, bannaí (lena n-áirítear bannaí rialtais), bintiúir nó infheistíochtaí eile dá samhail é an sealbhóir oifige, tá an t-ús seo inchláraithe má sháraíonn a luach €13,000 tráth ar bith le linn na tréimhse clárúcháin atá i gceist agus na scaireanna aistrithe chuig an sealbhóir oifige nó tá an ceart aige/aici, mar sheiceadóir, úinéireacht na scaireanna sin a aistriú chuige/chuici féin.

Is leas inchláraithe í infheistíocht ar mó a luach ná €13,000 a choinnítear i gcuideachta atá faoi réir an Scéim um Leathnú Gnó. Ba cheart luach leasa den chineál seo a mheas

in aghaidh mhéid na hinfheistíochta bunaidh seachas in aghaidh a luach athraitheach go tréimhsiúil.

Ní gá ciste pinsin a bhfuil an sealbhóir oifige ag íoc as a aibíonn ach amháin ar scor agus nach bhfuil aon díbhinní iníoctha ina leith a nochtadh.

(c) Stiúrthóireachtaí

Stiúrthóireacht nó cúlstiúrthóireacht a shealbhaíonn sealbhóir oifige in aon chuideachta aon tráth i rith na tréimhse cuí.

Chun amhras a sheachaint -

- Ba cheart AON stiúrthóireacht atá agat, agus tú i do chomhalta de cheachtar Teach den Oireachtas, ag aon tráth idir 1ú Eanáir 2022 agus 31ú Nollaig 2022, an dá dháta sin san áireamh, a chur san áireamh i do ráiteas leasanna inchláraithe.
- Áirítear leis seo aon stiúrthóireacht a d'éirigh tú as le linn na tréimhse clárúcháin.
- Ba chóir na téarmaí "stiúrthóireacht", "stiúrthóireacht de facto" agus "scáthstiúrthóireacht" a léirmhíniú go forleathan. Maidir leis seo, ba chóir tagairt a dhéanamh do na sainmhínithe ar "stiúrthóir", "stiúrthóireacht de facto" agus "scáthstiúrthóir" atá san áireamh sna Treoirlínte seo.
- Sainmhínítear "Cuideachta" sa reachtaíocht mar "comhlacht corpraithe" agus ba chóir é a léirmhíniú sa chiall is leithne agus is féidir, i.e. cuideachta chláraithe nó neamhchláraithe, údarás áitiúil, comhlacht poiblí, comhlacht arna bhunú le cairt nó aon comhlacht eile ag a bhfuil saol, cearta agus dualgais ar leith ó na

daoine aonair atá sa ghrúpa, cibé acu an comhlacht corpraithe intíre nó eachtrannach. D'fhéadfadh go n-áireofaí leis seo mar shampla, bord club spóirt, nó bord bainistíochta scoile.

- Níl sócmhainní atá faoi úinéireacht Cuideachta inchláraithe.

(d) Talamh (lena n-áirítear áitreabh)

Aon leas i dtalamh ag sealbhóir oifige, lena n-áirítear talamh sa Stát agus talamh in aon dlínse eile, ar leas é ar mhó na €13,000 a luach aon tráth i rith na tréimhse cuí. Áirítear anseo leas ag sealbhóir oifige in aon chonradh chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil lacáiste nó páirt-íocaíocht déanta faoin gconradh. Áirítear ann freisin leas ag an sealbhóir oifige in aon rogha a shealbhaíonn sé nó sí chun talamh a cheannach, cibé acu atá nó nach bhfuil aon chomaoin íoctha ina leith, nó chun talamh a cheannach a bhfuil rogha den sórt sin feidhmithe ina leith ach gan an rogha sin a bheith tíoclactha fós don sealbhóir oifige.

Eisiatar freisin teach saoire agus aon teach príobháideach eile ina bhfuil sealbhóir oifige nó a c(h)éile, páirtnéir sibhialta nó leanbh leis an sealbhóir oifige nó a c(h)éile. Mar an gcéanna, ní gá aon talamh atá coimhdeach le teach príobháideach (lena n-áirítear teach saoire cáilitheach) a chlárú. Más rud é, áfach, go bhfuil talamh atá coimhdeach le teach príobháideach á úsáid chun críocha tráchtála, beidh an talamh sin inchláraithe. Ina theannta sin, má dhéantar aon ioncam ón maoin, is féidir an áitiú a chlárú nuair a sháraíonn an t-ioncam sin olltairsí de €2,600. Ba chóir do shealbhóirí oifige a thabhairt faoi deara, mar sin, cé nach bhfuil tithe príobháideacha, tithe saoire, dara réadmhaoin srl., atá áitithe (mar a fhoráiltear thuas), inchláraithe faoin gceannteideal "Talamh", aon ioncam cíosa ceirde ó réadmhaoin atá os cionn € 2,600

comhlán, go carnach, do mhaoin aonair thar an tréimhse clárúcháin, a fhágann go bhfuil áitiú an Tiarna Talún nó an Léasóra inchláraithe faoi Slite Beatha srl.

Dá réir sin, nuair a ligtear amach talamh atá ceangailte leis an teach príobháideach nó leis an teach saoire, ní mór an talamh seo a chlárú sa chás gur úsáid tráchtála go príomha é.

Ina theannta sin, má sháraíonn an t-ioncam cíosa €2,600, tá an áitiú cíosa sin (i.e. Tiarna Talún nó Léasóra) inchláraithe faoi Slite Beatha srl.

Má tá níos mó ná teach amháin ag an sealbhóir oifige, ba cheart dó/di aon teach nach bhfuil áitithe ag an sealbhóir oifige, a c(h)éile, páirtnéir sibhialta nó leanbh dá c(h)éile a chlárú.

Ní leas inchláraithe é talamh nó maoin atá i seilbh an tsealbhóra oifige amháin sa cháil mar sheiceadóir ar Uacht. Más rud é, áfach, chomh maith le bheith ina sheiceadóir, gur tairbhí den talamh nó den mhaoin é an sealbhóir oifige freisin, tá an leas seo inchláraithe má sháraíonn a luach €13,000 ag aon tráth le linn na tréimhse clárúcháin lena mbaineann agus gur aistríodh an talamh nó an mhaoin chuige nó chuici nó go bhfuil an ceart aige/aici, mar sheiceadóir, úinéireacht na talún nó na maoine sin a aistriú chuige/chuici féin

(e) <u>Bronntanais</u>

Bronntanas, nó bronntanais, ón duine céanna, a thugtar do shealbhóir oifige i rith na tréimhse cuí i gcás inar mhó ná €650 a luach nó a luach comhiomlán.

*Eisiatar ón gceanglas seo bronntanas a thugann gaol nó cara leis an sealbhóir oifige, nó lena cheile nó páirtnéir sibhialta nó lena céile nó le leanbh dá chuid nó dá cuid nó le leanbh de chuid céile nó páirtnéir sibhialta (agus is é atá i leanbh ná mac nó iníon d'aon aois), ar chúiseanna pearsanta amháin, don sealbhóir oifige, mura rud é go bhféadfadh glacadh leis an mbronntanas tionchar ábhartha a imirt ar an sealbhóir oifige le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta nó mar shealbhóir oifige a chomhlíonadh.*

*Eisiatar ón gceanglas seo freisin síntiús mar atá sainmhínithe san Acht Toghcháin 1997, arna leasú. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar cad is síntiús ann, ba cheart do shealbhóirí oifige tagairt a dhéanamh do na "Treoirlínte do Theachtaí Dála, do Sheanadóirí agus do Fheisirí Eorpacha" maidir le síntiúis agus síntiúis thoirmiscthe arna n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Ba cheart do chomhaltaí tagairt a dhéanamh freisin do na hAchtanna Toghcháin 1992 go 2016 a rialaíonn síntiúis agus na hoibleagáidí nochta ar leithligh a eascraíonn faoin reachtaíocht sin. Féadfaidh comhalta treoir a lorg freisin ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le síntiúis a eisiúint. Déantar tuilleadh plé ar shaincheisteanna na n-áiseanna taistil, na ndeontas agus glacadh le saorthaisteal i mír 7 de na treoirlínte seo.*

(f) Maoin agus Seirbhísí

Maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar do shealbhóir oifige, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, ag an duine céanna, i rith na tréimhse cuí, i gcás an chomaoin nó an praghas a bheith níos mó ná €650 níos ísle ná an chomaoin tráchtála nó an praghas tráchtála. Áirítear anseo freisin maoin a thugtar ar iasacht nó seirbhís a sholáthraítear saor in aisce i gcás ina mbeadh an chomaoin tráchtála nó an praghas tráchtála níos mó ná €650.

*Eisiatar maoin arna soláthar nó arna tabhairt ar iasacht nó seirbhís arna soláthar do shealbhóir oifige, mar bhronntanas ar chúiseanna pearsanta amháin, ag gaol nó páirtnéir sibhialta nó cara leis, nó lena cheile nó lena céile nó le leanbh dá chuid nó dá cuid nó le leanbh de chuid an chéile nó páirtnéir sibhialta, mura rud é go bhféadfadh glacadh leis an mbronntanas tionchar ábhartha a imirt ar an sealbhóir oifige le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta nó mar shealbhóir oifige a chomhlíonadh.*

*Más rud é go mbaineann seirbhísí a nochtar le seirbhísí liachta nó dlíthiúla (lena n-áirítear seirbhísí síciatrachta nó síceolaíochta), is leor a lua gur soláthraíodh na seirbhísí. Ní gá aon sonraí eile a thabhairt.*

*Féadfaidh maoin nó seirbhís a sholáthraítear nó a tugadh ar iasacht chun críocha polaitíochta a bheith ina síntiús de réir bhrí an Achta Toghcháin 1997 (arna leasú). Ní gá maoin nó seirbhís den sórt sin, má dhearbhaítear gur síntiús é, a dhearbhú arís faoi na hAchtanna um Eitic. Ba cheart do Shealbhóirí Oifige tagairt a dhéanamh freisin don Acht Toghcháin 1997 a rialaíonn síntiúis agus na hoibleagáidí nochta ar leithligh a eascraíonn faoin reachtaíocht sin. Le haghaidh tuilleadh faisnéise ar cad is síntiús ann, ba cheart do shealbhóirí oifige tagairt freisin do na "Treoirlínte do Theachtaí Dála, do Sheanadóirí agus do Fheisirí Eorpacha" maidir le síntiúis agus síntiúis thoirmiscthe arna*

*n-eisiúint ag an gCoimisiún um Chaighdeáin. Féadfaidh comhalta treoir a lorg freisin ón gCoimisiún um Chaighdeáin maidir le síntiúis a eisiúint.*

(g) Saoráidí Taistil etc.

Ní mór saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear do shealbhóir oifige i rith na tréimhse cuí saor in aisce nó ar phraghas atá níos ísle ná an praghas tráchtála.

*Eisiatar:*

*saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a sholáthraíonn an duine céanna, uair amháin nó níos mó ná uair amháin, saor in aisce i rith na tréimhse cuí i gcás inar lú ná €650 an praghas tráchtála nó comhiomlán na bpraghsanna tráchtála nó, má bhí praghas ann, i gcás nach raibh an praghas a íocadh níos mó ná €650 níos lú ná an praghas tráchtála;*

*saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht a sholáthraítear:*

*(i) laistigh den Stát,*

*(ii) i gcúrsa agus chun críocha chomhlíonadh na bhfeidhmeanna atá ag sealbhóir oifige mar chomhalta nó mar shealbhóir oifige*

*(iii) i gcúrsa agus chun críocha aon cheirde, slí beatha, gairme, fostaíochta nó oibre eile de chuid sealbhóra oifige (seachas mar chomhalta nó mar shealbhóir oifige)*

*(iv) mar chomhalta, i gcúrsa Comhdhálacha de chuid an Aontais*

*Idirpharlaimintigh, Comhdhálacha agus Tionóil Pharlaiminteacha de chuid Chomhairle na hEorpa agus a Coistí, Tionól Parlaiminteach den Eagraíocht do Shlándáil agus Comhar san Eoraip, Comhdhálacha Parlaiminteacha de chuid Aontas Iarthar na hEorpa, cuairteanna déthaobhacha de bhun cuireadh a fháil ó chathaoirligh parlaimintí eile agus cibé comhdhálacha agus cuairteanna eile a thagann chun cinn ó am go ham,*

*(v) mar chomhalta, ag aon eagraíocht eile stát nó rialtas ar comhalta di, nó de chomhlacht dá cuid nó atá bainteach léi, an Stát seo nó an Rialtas;*

*saoráidí taistil, cóiríocht mhaireachtála, béilí nó siamsaíocht arna sholáthar ar chúiseanna pearsanta ag gaol nó páirtnéir sibhialta nó cara le sealbhóir oifige, nó lena cheile nó lena céile nó le leanbh dá chuid nó dá cuid nó le leanbh de chuid an chéile, mura rud é go bhféadfadh glacadh leis an mbronntanas tionchar a imirt ar an sealbhóir oifige le linn a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar chomhalta nó mar shealbhóir oifige a chomhlíonadh.*

Ar leithligh ón gceanglas ráitis agus dearbhú leasanna inchláraithe a ullmhú de bhun ailt 5 & 7 de na hAchtanna um Eitic, d’fhéadfadh go n-eascródh oibleagáidí tuairiscithe mar a leagtar amach san Acht Toghcháin 1997, arna leasú, as taisteal saor in aisce nó faoi urraíocht a ghlacadh. Sainmhíníonn alt 22(2)(a) d'Acht 1997 síntiús mar aon ranníocaíocht a thugtar chun críocha polaitíochta. Sainmhíníonn alt 22(2)(aa)(i)(IV) críocha polaitiúla mar, inter alia—

leasanna tríú páirtí a chur chun cinn nó cur i gcoinne, go díreach nó go hindíreach, maidir le stiúradh nó bainistiú aon fheachtais a sheoltar d'fhonn toradh ar leith a chur chun cinn nó a fháil i ndáil le polasaí nó beartais nó feidhmeanna an Rialtais nó aon údarás poiblí;

Féadfaidh deonú taistil agus lóistín in aisce/urraithe a bheith laistigh den sainmhíniú ar shíntiús agus tá síntiús den sórt sin faoi réir na ngnáth-thairseacha comhiomlánaithe agus tuairiscithe agus teorainneacha síntiús. Is é an síntiús uasta ar féidir le sealbhóir oifige glacadh leis ó dhuine aonair nó ó dheontóir corparáideach cláraithe in aon bhliain féilire ná €1,000 anois agus ní mór gach síntiús os cionn €600 ina iomláine a nochtadh ar Ráiteas Síntiús bliantúil an tsealbhóra oifige. Is cion é ráiteas síntiús bréagach nó míthreorach a sholáthar; is cion é freisin teip chun an chaingean iomchuí a dhéanamh maidir le síntiús atá os cionn na teorann forordaithe.

Measann an Coimisiún um Chaighdeáin gur cheart do shealbhóirí oifige a bheith cúramach lena chinntiú nach sáraíonn siad forálacha na nAchtanna Toghcháin maidir le glacadh le síntiúis. Ba cheart aon cheisteanna faoin ábhar seo a dhíriú chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin.

Meabhraítear do shealbhóirí oifige freisin go bhforáiltear sa Chód Iompraíochta do Shealbhóirí Oifige in alt 2.2.8 nár cheart dóibh glacadh le tairiscintí chun costais na n-áiseanna taistil agus/nó na cóiríochta tráchtála a bhaineann le gníomhaíochtaí oifigiúla a íoc (lena n-áirítear céile/páirtnéir más amhlaidh in éineacht leo), i gcás ina ndéanann saoránaigh phríobháideacha nó fiontair phríobháideacha na tairiscintí sin.

(h) Post ar Luach Saothair

Post ar luach saothair a shealbhaíonn sealbhóir oifige mar bhrú-stocaire polaitíochta nó gnóthaí poiblí, mar shainchomhairleoir nó mar chomhairleoir i rith na tréimhse cuí.

(i) Conarthaí

Aon chonradh, nó aon chonarthaí, chun earraí nó seirbhísí a sholáthar d'Aire den Rialtas nó do chomhlacht poiblí i rith na tréimhse cuí, inar pháirtí sealbhóir oifige nó a raibh leas aige nó aici ann ar aon slí eile, go díreach nó go neamhdhíreach, más rud é gur mhó ná €6,500 luach comhiomlán na n-earraí nó na seirbhísí a soláthraíodh don Aire den Rialtas nó don chomhlacht poiblí i rith na tréimhse cuí.

Tabhair faoi deara gurb í an phríomhtheastáil ná cibé acu an ndeachaigh luach na n-earraí agus/nó na seirbhísí a soláthraíodh trí chonradh amháin (nó níos mó) sa tréimhse chlárúcháin thar luach €6,500.

**<u>Aguisín 3</u>**

Treoirlínte an Rialtais (Alt 15(4) de Acht 1995)

Is é an téacs seo a leanas go *(i gcló iodálach)* a atáirgeadh de na treoirlínte foilsithe ag an Rialtas ar 14 Lúnasa, 1996 de bhun alt 15 (4) d'Acht 1995. Tabhair faoi deara go (1) Ba chóir na tagairtí uile don Choimisiún um Oifigí Poiblí a léamh mar thagairtí don Choimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí; (2) Ba chóir na tagairtí uile don Rúnaí an Rialtais a léamh mar thagairtí don Ard-Rúnaí an Rialtais; (3) i gcás ina ndéanfar tagairt don céile, ba chóir na treoirlínte a ghlacadh freisin chun tagairt a dhéanamh le páirtí sibhialta agus (4) i mír 6, ba chóir an tagairt do nochtadh, i ndáil le *bronntanais agus maoin ghaolmhar/seirbhísí gaolmhara, do Chléireach na Dála nó an tSeanaid* a ghlacadh mar tagairt a nochtadh don Choimisiún um Chaighdeáin.

***1. Ginearálta***

*Iarrtar ar gach sealbhóir oifige cloí leis an mbunphrionsabal nach ceart glacadh le tairiscint bronntanas, aíochta nó seirbhísí, dá bhfágfaí é/í faoi oibleagáid, nó dá ndealródh sé amhlaidh.*

*D'eisigh an Coimisiún um Oifigí Poiblí treoirlínte chuig sealbhóirí oifige maidir le comhlíonadh an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995. Tugtar aghaidh sna treoirlínte sin, inter alia, ar na ceangail atá ar shealbhóirí oifige i dtaca le bronntanais áirithe a nochtadh (ina gcáil mar Chomhaltaí de cheachtar Teach den Oireachtas) agus i dtaca le bronntanais luachmhara a thabhairt suas don Stát má thugtar iad de bhua oifige.*

*Tá soláthairtí áirithe maoine agus seirbhísí ann, áfach, atá de chineál bronntanas ach nach féidir iad a thabhairt suas go héasca don Stát e.g. iasachtaí faoi chostas, seirbhísí saor in aisce etc. Aithnítear sin in Alt 15(4) d'Acht 1995 agus foráiltear ann go n-eiseoidh an Rialtas treoirlínte chuig sealbhóirí oifige maidir leis na bearta atá le déanamh má dhéantar maoin nó seirbhísí (e.g. taisteal) a thairiscint nó a sholáthar do shealbhóir oifige, dá c(h)éile nó do leanbh dá c(h)uid faoi bhun an phraghais tráchtála, nó má thairgtear nó sholáthraítear iasacht nó maoin saor in aisce nó faoi bhun an phraghais tráchtála nó má thairgtear nó sholáthraítear seirbhís saor in aisce.*

*Tá foráil dá réir sna treoirlínte seo.* ***Is ceart do shealbhóirí oifige a thabhairt dá naire nach mór dóibh na treoirlínte seo a chomhlíonadh i gcás aon mhaoine nó seirbhísí a sholáthraítear sa Stát nó thar lear.***

***2. Cé atá clúdaithe leis na treoirlínte?***

<u>Sealbhóiroifige</u>*: Faoin Acht, ciallaíonn sé sin Airí (lena n-áirítear an Taoiseach, an Tánaiste agus an tArd-Aighne más Comhalta é/í),Airí Stáit, Cathaoirleach*

*agus Leas-Chathaoirleach gach Tí den Oireachtas. (Féadtar Cathaoirleach Coiste Oireachtais, freisin, a ainmniú mar shealbhóir oifige le rún ó Theach/Thithe)*

*<u>Céilesealbhóraoifige</u>*

*<u>Leanbhdechuidsealbhóraoifigenódechuidac(h) éile</u>*

*Maidir le nithe a éiríonn faoi alt 15(4), baineann socruithe difriúla le tuairisciú idir Airí/Airí Stáit ar thaobh amháin agus sealbhóirí oifige atá bainteach le ceachtar Teach den Oireachtas ar an taobh eile. I gcás ina mbíonn difríochtaí dá sórt, léirítear iad sna treoirlínte.*

***3. Cad atá clúdaithe?***

*Tagann na nithe seo a leanas faoi réim na dtreoirlínte:-*

*maoin nó seirbhís a thugtar faoi bhun an phraghais tráchtála*

*iasacht maoine saor in aisce, nó ar chostas is lú ná luach tráchtála na hiasachta seirbhís a thugtar saor in aisce*

*agus a thairgtear nó a sholáthraítear do shealbhóir oifige, do chéile nó leanbh, de bhua oifig an tsealbhóra oifige, más mó ná £500 (€635) glantairbhe an phraghais níos ísle, na hiasachta níos saoire nó saor in aisce, nó na seirbhíse saor in aisce. Tá liosta samplaí de mhaoin agus de sheirbhísí a d'fhéadfadh a bheith i gceist leagtha amach ag deireadh na dtreoirlínte seo.*

***4. Cé na nithe nach dtagann faoi réir na dtreoirlínte?***

*Níl feidhm ag na treoirlínte seo más lú ná £500 (€635) tairbhe an phraghais níos ísle, na hiasachta nó na seirbhíse saor in aisce. Ina theannta sin, ní bhaineann na treoirlínte le haon tairiscint nó soláthar maoine/seirbhísí a dhéantar mar a leanas:-*

*mar shíntiús chun críoch polaitíochta,*

*ar chúiseanna pearsanta amháin ó chara nó ó ghaol,*

*nithe atá ar fáil do bhaill den phobal freisin, i gcoitinne (e.g. maoin a fhaightear tar éis pointí sárchlub a bhailiú) nó i dtosca áirithe (e.g. socruithe taistil tar éis báis sa teaghlach, cailliúint eitilte etc.)*

*de bhua poist seachas mar shealbhóir oifige (i.e. mar Chomhalta de Thithe an Oireachtais, mar oifigeach i gclub áitiúil nó trí bheith i seilbh poist eile),*

*le linn, agus ar mhaithe le comhlíonadh dualgas mar shealbhóir oifige (e.g. saoráidí óstáin le linn freastal ar chruinnithe de Chomhairle an AE), lena n-áirítear ról ionadaitheach ag céile, más de réir cleachtais sheanbhunaithe é, i gcás nach é atá ar intinn, agus nach dtarlaíonn sé go bhfuil aon tairbhe ann don sealbhóir oifige, go díreach nó go neamhdhíreach.*

***5. Na bearta atá le déanamh...***

*Má dhéantar maoin nó seirbhísí a thairiscint nó a sholáthar do shealbhóir oifige, dá c(h)éile nó dá leanbh ar phraghas faoi bhun an phraghais tráchtála, nó má thairgtear nó má sholáthraítear iasacht maoine dó/di saor in aisce nó ar phraghais faoi bhun an phraghais tráchtála, nó má thairgtear nó má sholáthraítear seirbhís dó/di saor in aisce agus gur mó ná £500 (€635) glantairbhe an phraghais is ísle, na hiasachta saor in aisce nó níos saoire, nó na seirbhíse saor in aisce.*

### *5.1 Má thairgtear*

*Má thairgtear maoin/seirbhísí dá sórt do shealbhóir oifige, dá c(h)éile nó dá leanbh, agus go ndéantar an tairiscint de bhua oifig an tsealbhóra oifige, ní mór an tairiscint a dhiúltú.*

### *5.2 Má sholáthraítear*

*(a)(i) Má sholáthraítear an mhaoin/na seirbhísí sin d'Aire*/d'Aire Stáit de bhua oifige aireachta, nó má thagann sé/sí ar an eolas go bhfuiltear tar éis a leithéid a sholáthar do chéile nó do leanbh, ní mór dó/di an méid sin a chur in iúl d'Ard-Rúnaí an Rialtais i scríbhinn agus ní mór dó/di aisíocaíocht chuí a thabhairt don duine a sholáthair an tairbhe. Ina dhiaidh sin, cuirfidh Ard- Rúnaí an Rialtais an t-eolas sin in iúl don Taoiseach, don Tánaiste agus do cibé Aire eile a bheidh sonraithe ag an Rialtas.*

*(a)(ii) I gcás nach indéanta aisíocaíocht a thabhairt don deontóir, cinnfidh an Taoiseach, an Tánaiste agus an tAire sonraithe ar ghníomh cuí eile, mar shampla síntiús comhionann do chomhlacht deonach nó do*

*charthanacht áirithe. Ní mór d'Aire**/d'Aire Stáit gníomhú de réir cinnidh dá shórt.*

*(a)(iii) I ngach cás ina soláthraítear maoin/seirbhísí dá sórt, tabharfaidh Ard-Rúnaí*

*an Rialtais tuairisc don Choimisiún um Oifigí Poiblí faoin ábhar agus faoin gníomh atá déanta ina leith. Ní mór d'Airí agus d'Airí Stáit aon eolas a thabhairt don Rialtas a iarrann Ard-Rúnaí an Rialtais air/uirthi chun go bhféadfaidh sé/sí an fheidhm seo a chomhlíonadh.*

*(b) Ní mór do shealbhóir oifige nach Aire/Aire Stáit scéala a thabhairt don Choimisiún um Oifigí Poiblí faoin ábhar agus aisíocaíocht a dhéanamh nó,mura bhfuil sin indéanta, síntiús, a chinnfidh an Coimisiún ar bhonn (ii) thuas, a thabhairt.*

** Clúdaíonn tagairt d'Aire an Taoiseach, an Tánaiste agus an tArd-Aighne ar Comhalta é/í).*

*** Má tharlaíonn gurb é/í an Taoiseach, an Tánaiste nó an tAire sonraithe an tAire a fhaigheann an mhaoin/na seirbhísí sin, ní bheidh sé/sí páirteach i gcinneadh faoi (ii) maidir leis an ábhar áirithe sin*

***5.3 I gcás éiginnteachta …***

*(a) Mura bhfuil sealbhóir oifige cinnte an bhfuil an glantairbhe i gceist níos mó ná £500, nó an bhfuil tairiscint nó soláthar na maoine nó na seirbhíse faoi réim na dtreoirlínte seo, is ceart dó/di comhairle a ghlacadh le hArd-Rúnaí an Rialtais agus déanfaidh seisean/sise cinneadh faoin ábhar.*

*(b)(i) Déanfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais cinneadh dá shórt de réir na dtreoirlínte seo agus de réir treoracha ginearálta ón Rialtas maidir le hAlt 15(3) den Acht.*

*(b)(ii) Ina dhiaidh sin, bhéarfaidh Ard-Rúnaí an Rialtais comhairle chuí don*

*sealbhóir oifige, agus don Taoiseach, don Tánaiste agus don Aire sonraithe, maidir leis an ábhar. Má chinntear go dtagann an t-ábhar faoi réim na dtreoirlínte seo, ní mór don sealbhóir oifige gníomhú de réir 5.1 nó 5.2 thuas.*

***6. Ginearálta***

*Cuirtear i gcuimhne do gach sealbhóir oifige nach mór dóibh freisin, faoin Dara Sceideal a ghabhann leis an Acht um Eitic, nochtadh cuí maidir le bronntanais agus maoin ghaolmhar/seirbhísí gaolmhara a dhéanamh ina ráitis bhliantúla do Chléireach na Dála nó an tSeanaid. Cuirfear an t-eolas sin i gClár Leasanna na gComhaltaí agus leagfar faoi bhráid an Tí chuí é.*

***Samplaí de mhaoin nó de sheirbhísí a d'fhéadfaí a thairiscint, nó a sholáthar, faoi bhun costais, ar iasacht nó saor in aisce.***

***Maoin***

*Bheadh a mhacasamhail seo san áireamh:*

- *talamh*
- *oifigí nó foirgnimh eile*

- *cóiríocht chónaithe nó eile, feisteas, daingneáin nó troscán*
- *innealra agus trealamh, lena n-áirítear ríomhairí agus trealamh fótagrafaíochta*
- *córacha iompair, lena n-áirítear mótarfheithiclí, báid, aerárthaí etc.*

  *bannaí, scaireanna, roghanna nó ionstraimí eile dá sórt.*
- *maoin intleachtúil amhail bogearraí ríomhaire, paitinní, ceadúnais etc.*

  *saothair ealaíne agus rudaí luachmhara*

  *beostoc nó ainmhithe eile*

***Seirbhísí***

*Bheadh a mhacasamhail seo san áireamh:*

- *Saoráidí taistil e.g. saor in aisce nó le fóirdheontas*
  - *úsáid gluaisteáin nó córacha eile iompair*
  - *seirbhís tiománaí*
  - *eitiltí aerárthaí nó uasghrádú eitiltí aerárthaí*
- *Aíocht nó siamsaíocht e.g. saor in aisce nó le fóirdheontas*
  - *cóiríocht in óstán nó cóiríocht eile*
  - *béilí, deochanna*

- *úsáid saoráidí cóiríochta, comhdhála, ócáide nó eile, ballraíocht i gclubanna nó i gcumainn nó ballraíocht de chineálacha eile*

- *Seirbhísí rúnaíochta agus seirbhísí gaolmhara*

- *Seirbhísí airgeadais nó seirbhísí sainchomhairle/gníomhaireachta eile e.g. saor in aisce nó le fóirdheontas infheistíocht, baincéireacht, árachas nó bróicéireacht ghnó eile.*

**Aguisín 4**

**Bronntanais**

1. Mar atá luaite cheana féin, ní mór bronntanas a thugtar do shealbhóir oifige, nó do chéile nó páirtnéir sibhialta nó do leanbh, de bhua a oifige nó a hoifige, agus ar mó a luach ná €650, a thabhairt suas. Tá ceanglas ann freisin go ndéanfar bronntanas den sórt sin a nochtadh i ráiteas bliantúil an tsealbhóra oifige ar leasanna inchláraithe.

2. Mar gheall ar an oifig a shealbhaítear, is mó an dóchúlacht go bhfaighidh sealbhóirí oifige áirithe bronntanais a bheadh le tabhairt suas. Mar shampla an Taoiseach agus an tAire Gnóthaí Eachtracha a bheadh ag dul ar chuairteanna Stáit, ag feidhmiú thar lear agus ag gníomhú mar ósta le linn cuairteanna Stáit agus do chuairteoirí oirirce ar an tír seo. Tuigeann an Coimisiún um Chaighdeáin gur minic, mar chuid den phrótacal a bhaineann le hócáidí den sórt sin, a mhalartaítear bronntanais agus d'fhéadfadh sé tarlú, de thoradh thraidisiúin agus chultúr roinnt náisiún, go dtabharfaí bronntanais measartha luachmhar. D'fhéadfadh an chomhairle ghinearálta seo a leanas a bheith cuiditheach

maidir leis an ábhar seo. Is ceart do shealbhóirí oifige a bheith ar an eolas go bhfuil cumhacht ag Ard-Rúnaí an Rialtais faoi Acht 1995 chun cinntí a dhéanamh maidir le luach aon bhronntanais agus maidir leis an gceist i dtaobh ar tugadh bronntanas de bhua oifige.

**Comhiomlánú Luachanna**

3. A mhéid a bhaineann leis an gceanglas maidir le nochtadh, is léir ón Dara Sceideal a ghabhann le hAcht 1995 gur ceart bronntanais a fhaightear ón duine céanna le linn tréimhse clárúcháin amháin a chomhiomlánú chun a chinneadh an mó nó nach mó ná €650 a luach iomlán. Más rud é go bhfuil luach comhiomlán na mbronntanas sin in aon tréimhse chlárúcháin áirithe níos mó ná an tairseach, is ceart gach bronntanas ar leithligh a nochtadh, fiú amháin nuair nach bhfuil an luach ar leithligh níos mó ná an tairseach €650. I gcás níos mó ná mír amháin a bheith i mbronntanas, ach iad go léir a bheith bronnta an tráth céanna ag an duine céanna, úsáidfear luach iomlán an bhronntanais chun nochtadh a dhéanamh. Mar an gcéanna, aon bhronntanais a bhfuil nasc bunúsach eatarthu, fiú amháin má bhronntar iad ar leithligh óna chéile i rith na tréimhse clárúcháin céanna, ní mór a luachanna a chomhiomlánú chun nochtadh a dhéanamh. I gcás bronntanas a bhfuil baint bhunúsach acu lena chéile ach a bhronntar i rith tréimhsí clárúcháin éagsúla, agus i gcás luach níos lú ná €650 a bheith ag gach mír ar leithligh ach a luach comhiomlán a bheith os cionn €650, ní gá, le fírinne, iad a nochtadh mar nach mbeifí tar éis an tairseach a shárú in aon tréimhse chlárúcháin amháin. Ach d'fhéadfaí a thuiscint as

bronntanais ghaolmhara a nochtadh i dtréimhsí clárúcháin éagsúla go bhfuiltear ag iarraidh spiorad, seachas brí, na reachtaíochta a shárú.

4. Ní ionann, ar ndóigh, an ceanglas maidir le bronntanais a thabhairt suas agus an ceanglas maidir le nochtadh. Le halt 15 d'Acht 1995 déantar socrú go measfar, maidir le bronntanas ar mó a luach ná €650 agus a thugtar do shealbhóir oifige de bhua a oifige nó a hoifige, gur bronntanas é arna thabhairt don Stát agus dílseofar don Aire Caiteachais Phoiblí, Sheachadadh PFN agus Athchóirithe é. Ní dhéantar tagairt in alt 15 do luach carnach bronntanas laistigh d'aon tréimhse chlárúcháin áirithe; déantar tagairt do "bronntanas" san uimhir uatha ar fud an ailt sin. Tá an Coimisiún um Chaighdeáin de tuairim, dá bhrí sin, nach gceanglaíonn Acht 1995 go dtabharfar suas bronntanais a fhaightear ó fhoinse amháin, ach a bhronntar ar ócáidí éagsúla i rith aon tréimhse clárúcháin áirithe, i gcás inar mó an luach carnach ná €650 ach i gcás inar lú ná an tairseach €650 luach gach bronntanais ar leithligh. Tá an Coimisiún den tuairim freisin gur ceart, maidir le tabhairt suas bronntanas a bhronntar le chéile ar aon ócáid amháin, déileáil leo ar leithligh óna chéile. I bhfocail eile, ní mór luach gach bronntanais ar leith a bheith níos mó ná an tairseach €650 sular gá iad a thabhairt suas. Ní bhainfeadh sé sin, ar ndóigh, le bronntanais a bhfuil nasc bunúsach eatarthu (e.g. deacantar agus gloiní) agus a fhaightear in aon tréimhse chlárúcháin amháin agus is ceart a luachanna a chomhiomlánú chun na críche seo.

5. D'fhéadfadh deacrachtaí a bheith ann i gcás bronntanas a bhfuil baint bhunúsach acu lena chéile ach a bhronntar ar leithligh óna chéile i dtréimhsí clárúcháin éagsúla. Más rud é, mar shampla, gurb é atá i mbronntanais den

sórt sin ná cuid de shraith ar mó a luach iomlán ná suim na gcodanna ar leithligh, is cinnte go bhféadfaí a rá gur ceart, d'ainneoin nach bhfuil ceanglas ann faoi Acht 1995, an bronntanas a mheas ina iomláine agus, ar choinníoll gur mó an luach sin ná €650, is ceart é a thabhairt suas.

6. D'fhéadfadh na samplaí seo a leanas a bheith úsáideach:

Sampla A : I gcás bronntanais a thugtar do shealbhóir oifige agus ar mó a luach ná an tairseach €650, is ceart é a thabhairt suas agus a nochtadh. I gcás bronntanais a thugtar do chéile an tsealbhóra oifige, fiú amháin má mheastar gur bronntanas é a tugadh de bhua oifig an tsealbhóra oifige faoi alt 15, agus nach mó ná an tairseach a luach, is féidir é a choimeád. Is ceart, áfach, an bronntanas beag a chur san áireamh i nochtadh leasanna an tsealbhóra oifige mar gur cuid de bhronntanas ó fhoinse amháin é agus gur mó ná €650 an luach comhiomlán.

Sampla B : Is féidir bronntanais a bhfuil a luach comhiomlán níos lú ná

€650 a choimeád, ach is ceart bronntanas aonair ar mó a luach ná €650 a thabhairt suas. Is ceart luach bronntanais a chomhiomlánú chun a fháil amach an gá iad a nochtadh. Má tá an luach

comhiomlán níos mó ná €650, ní mór na bronntanais go léir a nochtadh.

Sampla C : Más rud é go bhfuil luach comhiomlán bronntanas ó fhoinse amháin i dtréimhse chlárúcháin, agus gur lú ná €650 luach gach ceann ar leith díobh, níos mó ná an tairseach €650, is ceart gach bronntanas a nochtadh ar leithligh óna chéile. Ní ga bronntanais den sórt sin a thabhairt suas.

**Díolúintí ón aicmiú 'Bronntanas'**

7. Ní dhéanfaí na nithe seo a leanas a aicmiú mar bhronntanais chun críocha alt 15 den Acht:

(a) Gradaim a thugtar don sealbhóir oifige mar aitheantas i leith nithe sonraithe áirithe de chineál poiblí a bhaint amach tar éis próisis ainmniúcháin agus roghnóireachta as measc roinnt daoine cáilithe (e.g. Eorpach na Bliana, Duais Nobel). D'fhéadfadh bronnadh comhartha airgid a bheith ann mar chuid dhílis den ghradam.

(b) Gradaim a thugtar don sealbhóir oifige mar aitheantas i leith nithe sonraithe áirithe de chineál poiblí a bhaint amach i gcás inar foras acadúil aitheanta cuí-chomhdhéanta agus/nó comhlacht sibhialta, reiligiúin nó spóirt a thugann an gradam (e.g. Céimeanna Oinigh, Saoirse Cathrach). I gcoitinne, ní bhíonn aon luach díreach airgid ag gabháil le gradaim den sórt sin. D'fhéadfadh sé tarlú, áfach, go mbeadh bronnadh comharthaí nó suaitheantais ann mar chuid dhílis den ghradam.

(c) Faoi réir cead a fháil roimh ré ón Rialtas de réir Airteagal 40.2.20 den Bhunreacht, gradaim a thugann Rialtas coigríche nó Ceann Stáit coigríche de réir nósanna imeachta bunaithe aitheanta a bhfuil feidhm ghinearálta acu (e.g. Onóracha ón bPápa, Léigiún na hOnóra). D'fhéadfadh sé tarlú go mbeadh bronnadh comharthaí nó suaitheantais ann mar chuid dhílis den ghradam.

**Aguisín 5**

**Oibleagáidí i ndáil le Comhairleoirí Speisialta**

I gCiorclán 4/2002: An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001, a d'eisigh an Roinn ar an 14 Eanáir 2002, déantar socrú gur ceart go ndéanfar na hoibleagáidí atá ar gach sealbhóir oifige nua-cheaptha faoi na hAchtanna um Eitic maidir le daoine a cheapann siad féin a chur in iúl dó nó di, ar mhodh meamraim ó Cheann a Roinne nó ó Rúnaí an Aire lena mbaineann.

1. Ciallaíonn "comhairleoir speisialta" duine

   (a) a bhfuil nó a raibh post eisiata aige nó aici (de réir bhrí Acht Choimisinéirí na Stát-Sheirbhíse, 1956) tar éis é nó í a bheith roghnaithe lena cheapadh nó lena ceapadh ag sealbhóir oifige go pearsanta seachas trí nós imeachta comórtais, nó

(b) atá nó a bhí ar fostú ag sealbhóir oifige faoi chonradh le haghaidh seirbhísí, tar éis é nó í a roghnú ag an sealbhóir, go pearsanta seachas trí nós imeachta comórtais, chun an conradh a fháil,

agus arb í, nó arbh í, a fheidhm nó a feidhm, nó a phríomhfheidhm nó a príomhfheidhm, ná comhairle nó cúnamh eile a sholáthar do shealbhóir oifige. D'fhéadfaí, inter alia, Comhairleoirí Pearsanta, Cúntóirí Pearsanta, Rúnaithe Pearsanta, Oifigigh Phreasa, tiománaithe áirithe etc. a bheith i gceist. Tagann deireadh le ceapachán nó le fostaíocht den sórt sin tráth nach déanaí ná an dáta a scoireann an sealbhóir oifige ar thar a cheann nó thar a ceann atá an duine ag gníomhú mar chomhairleoir speisialta den oifig lenar bhain an ceapachán nó an fhostaíocht a shealbhú.

Áirítear i "comhairleoir speisialta" freisin duine a cheaptar le hordú ón Rialtas, nó ar iarraidh ó Aire den Rialtas, de bhun alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997. I gcás den sórt sin, tagann deireadh leis an gceapachán, más chuig Aire é, ar an dáta a scoireann an tAire den oifig ar faoina treoir is sealbhóir oifige é nó í a shealbhú. Más ceapachán chuig Aire Stáit atá i gceist, tagann deireadh leis nuair a théann sannadh an Aire Stáit chuig a Roinn bhunaidh nó chuig a Oifig bhunaidh in éag i.e. rachadh an ceapachán in éag dá dtiocfadh deireadh le ceapachán an Aire Stáit nó dá ndéanfaí an tAire Stáit a shannadh chuig Roinn nó Oifig eile.

2. Na forálacha de na hAchtanna um Eitic atá luaite i míreanna 3 go 7 thíos, tá feidhm acu maidir le daoine atá in earnáil na gcomhairleoirí speisialta agus ar mó a luach saothair ná an dara pointe incriminte ard-oifigigh feidhmiúcháin sa Státseirbhís (an gnáth-scála). Tá feidhm acu freisin maidir le comhairleoirí speisialta a cheaptar de bhun alt 11 den Acht um Bainistíocht na Seirbhíse Poiblí, 1997.

3. Déanfaidh comhairleoir speisialta, tráth nach déanaí ná an 31 Nollaig gach bliain, ráiteas ar leasanna (mar a thuairiscítear in Aguisín 2 de na Treoirlínte seo) a thabhairt don Choimisiún um Chaighdeáin ar ráiteas é a chlúdaíonn an tréimhse ón 1 Eanáir (nó ón dáta tosach feidhme, más déanaí) suas go dtí an 31 Nollaig an bhliain roimhe sin. Is í an fhaisnéis is ceart a bheith sa ráiteas ná faisnéis a bhfuil eolas iarbhír ag an comhairleoir speisialta uirthi agus a bhaineann lena leasanna féin agus le leasanna a chéile nó a céile nó linbh de chuid céile, ar faisnéis í a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a imirt ar an gcomhairleoir speisialta le linn feidhmeanna na comhairleoireachta speisialta a chomhlíonadh nó i ndáil leis an gcomhlíonadh sin.

4. Más rud é go scoirfidh duine, ar aon chúis, de bheith ina chomhairleoir speisialta nó ina comhairleoir speisialta, soláthróidh an duine ráiteas ar leasanna (lena n-áirítear leasanna céile nó linbh) a sholáthar don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin laistigh d'ocht lá is fiche ó dháta an scortha.

Chlúdódh ráiteas den sórt sin an tréimhse ón 1 Eanáir, nó ón dáta tosach feidhme, más déanaí, sa bhliain lena mbaineann suas go dtí dáta an scortha.

5. Tá sé de cheangal ar chomhairleoir speisialta freisin ráiteas a thabhairt don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin i gcás ina dtagann feidhm shonrach chun bheith comhlíonta ag an gcomhairleoir speisialta agus go bhfuil leas ábhartha aige nó aici, nó ag duine bainteach, san ábhar lena mbaineann an fheidhm. Is ceart an ráiteas a thabhairt a luaithe is féidir. In imthosca den sórt sin, ní chomhlíonfaidh an comhairleoir speisialta an fheidhm mura bhfuil cúiseanna maithe ann chun déanamh amhlaidh. Más rud é go mbeartaíonn an comhairleoir speisialta an fheidhm a chomhlíonadh, déanfaidh sé nó sí, sula ndéanfaidh sé nó sí amhlaidh, nó mura féidir sin le réasún, i ndiaidh déanamh amhlaidh, ráiteas i scríbhinn ar na cúiseanna maithe a sholáthar don sealbhóir oifige agus don Choimisiún um Chaighdeáin.

6. Tabharfaidh comhairleoir speisialta gealltanas nach ngabhfaidh sé nó sí d'aon cheird, slí bheatha, gairm nó obair eile a bhféadfaí a thuiscint aisti le réasún go bhféadfadh sí cur isteach ar ról an chomhairleora speisialta nó a bheith ar neamhréir leis an ról sin.

7. Meastar gur coinníoll é a ghabhann le ceapachán nó le fostaíocht comhairleora speisialta go ndéanfaidh an duine de réir na gceanglas atá leagtha amach i míreanna 3 go 6 thuas.

**Doiciméid a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais**

8. Ní mór don sealbhóir oifige na doiciméid seo a leanas a bhaineann le comhairleoir speisialta dá dtagraítear i mír 2 thuas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas:

(i) ráiteas ar cháilíochtaí an duine ar cáilíochtaí iad a bhaineann leis an gceapachán mar chomhairleoir speisialta,

(ii) cóip d'aon ráiteas ar a leasanna féin atá tugtha ag an gcomhairleoir speisialta don sealbhóir oifige *(is ceart a thabhairt do d'aire go bhféadfaidh comhairleoirí speisialta, chun gur féidir ráiteas ar leasanna an chomhairleora speisialta féin, agus an méid sin amháin, a leagan faoi bhráid na dTithe, foirmeacha ar leithligh a thabhairt ina bhfuil ráiteas ar a leasanna féin agus ráiteas ar leasanna de chuid céile nó páirtnéir sibhialta nó linbh. Ní gá na ráitis a bhaineann le céilí nó páirtnéirí sibhialta nó le leanaí a leagan faoi bhráid ceachtar Teach den Oireachtas.)*

9. Déantar na doiciméid seo a leanas a leagan faoi bhráid gach Tí i gcás gach comhairleora speisialta, is Cuma cén tuarastal atá ann:

(i) cóip den chonradh nó ráiteas i scríbhinn ar na téarmaí agus ar na

coinníollacha ar fúthu a ghníomhaíonn, nó an ghníomhaigh, an duine mar chomhairleoir speisialta,

(ii) ráiteas i dtaobh an gaol leis an sealbhóir oifige an duine.

***Nóta:*** *Ceanglais aon uaire seachas ceanglais bhliantúla atá sna ceanglais i mír 8(i) agus i*

*mír 9 thuas. Ní chaithfí na doiciméid a leagan faoi bhráid na dTithe níos mó ná uair amháin ach amháin i gcás athrú suntasach a bheith tagtha ar an bhfaisnéis atá le soláthar. Is féidir neamhshuim a dhéanamh de mhéaduithe ginearálta pá chun na críche seo.*

10. Ní mór don sealbhóir oifige na doiciméid a thuairiscítear i míreanna 8(i) agus 9 thuas a leagan faoi bhráid gach Tí den Oireachtas tráth nach faide ná 60 lá tar éis an duine a cheapadh nó a fhostú chun gníomhú mar chomhairleoir speisialta.

11. I gcás aon ráitis bhliantúil ar leasanna comhairleora speisialta, is é sin le rá a leasanna féin, mar a thuairiscítear i mír 3 thuas, ar ráiteas é atá tugtha do shealbhóir oifige, ní mór don sealbhóir oifige é a leagan faoi bhráid an dá Theach tráth nach déanaí ná 60 lá tar éis an 31 Eanáir i.e. tráth nach déanaí ná an 1 Aibreán de ghnáth (nó an 2 Aibreán i mbliain bhisigh).

12. Ní mór don sealbhóir oifige aon ráiteas ar leasanna arna thabhairt ag comhairleoir speisialta an tráth a fhágann sé nó sí an post, mar a thuairiscítear i mír 4 thuas, a leagan faoi bhráid gach Tí laistigh de sheasca lá ón dáta a fhaightear é.

13. I gcás ina scoirfidh duine de bheith ina shealbhóir oifige nó ina sealbhóir oifige, ní mór dó nó di, laistigh de sheasca lá ón dáta a fhaightear aon ráiteas ar leasanna comhairleora speisialta, is é sin le rá a leasanna féin, ar ráiteas é a thug an comhairleoir speisialta don sealbhóir oifige an tráth a foirceannadh ceapachán de bharr an scortha sin, mar aon le haon ráiteas bliantúil nó ráiteas eile de chuid comhairleora speisialta ar a leasanna féin nach raibh leagtha faoi bhráid na dTithe cheana féin tráth fágála na hoifige, a leagan faoi bhráid gach Tí.

14. Baineann an ceanglas i mír 13 thuas freisin le doiciméid nár leagadh faoi bhráid na dTithe cheana agus a bhaineann le ceapachán nó fostaíocht comhairleora speisialta agus le cáilíochtaí comhairleora speisialta agus a bhaineann le ceist i dtaobh an gaol leis an sealbhóir oifige an comhairleoir speisialta.

15. I gcás ina bhfaigheann sealbhóir oifige bás, ní ina n-éiríonn sé nó sí éagumasaithe, is faoin Taoiseach atá sé ansin doiciméid a bhaineann lena chomhairleoirí speisialta nó lena comhairleoirí speisialta a leagan faoi bhráid na dTithe.

16. Tá an nós imeachta maidir le doiciméid a leagan faoi bhráid Thithe an Oireachtais leagtha amach ar shuíomh gréasáin an Oireachtais - https://www.oireachtas.ie/ga/publications/docs-laid/

17. D'fhéadfadh sé gurb é an ráiteas bliantúil ar leasanna comhairleora speisialta, is é sin le rá a leasanna féin, an t-aon doiciméad amháin a bheidh le leagan faoi bhráid na dTithe gach bliain más rud é go ndearnadh na doiciméid a bhaineann le cáilíochtaí agus le téarmaí an cheapacháin nó na fostaíochta agus leis an gceist i dtaobh an gaol an duine a leagan faoi bhráid na dTithe bliain roimhe sin agus gan aon athrú suntasach a bheith tagtha ar an bhfaisnéis atá ann.